# 20. Acmhainn agus Bainistiú

## 20.1 Réamhrá

Mar a leagtar amach i gCaibidil 1 den TMTT nuashonraithe seo, déantar measúnú i gCaibidil 20 den TMTT nuashonraithe seo ar bhainistiú acmhainní agus tionchar féideartha na dramhaíola a ghinfear le linn chéimeanna tógála agus oibríochta an Tionscadail. Is cuid den fhreagairt í an chaibidil seo ar an iarraidh a rinne an Bord Pleanála ar thuilleadh faisnéise i mí na Nollag 2023 tráth ar iarr siad (in éineacht le roinnt iarrataí eile) ar Chomhairle Cathrach na Gaillimhe an '*Tuarascáil ar an Measúnacht Tionchair Timpeallachta a Thabhairt Cothrom le Dáta'*.

Níorbh chuid de TMTT 2018 a cuireadh isteach chuig an mBord Pleanála i mí Dheireadh Fómhair 2018 a bhí sa chaibidil ar leith sin toisc gur tugadh aghaidh ar an topaic sin i gCaibidil 7, Gníomhaíochtaí Tógála. Mar sin féin, ó bhí 2018 ann, foilsíodh treoirlínte TMTT breise ina dtugtar breis sonraí maidir leis an dramhaíl a mheas mar thoisc thimpeallachta a chaithfear a chur san áireamh in TMTTanna. Ina theannta sin, tháinig doiciméid bheartais agus treoirdhoiciméid bhreise i bhfeidhm ó 2018 ina leagtar amach beartas na hÉireann le haghaidh pleanáil dramhaíola agus acmhainní agus bainistiú dramhaíola ionas go mbeidh prionsabail an gheilleagair chiorclaigh agus gníomhú ar son na haeráide leabaithe i mbeartas poiblí den sórt sin. Tá cuid mhaith de na doiciméid bheartais agus na treoirdhoiciméid sin tugtha ar aird i bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024 (PGA24)[1]. Cuirtear breis sonraí maidir leis na doiciméid bheartais agus na treoirdhoiciméid sin i láthair i gCuid 20.2. Dá bhrí sin, cé go bhfuil roinnt téacs bunaidh sa chaibidil seo, tugtar an mheasúnacht dramhaíola a rinneadh in TMTT 2018 cothrom le dáta ann freisin i gcomhréir leis an treoir agus an beartas reatha agus is cuid den nuashonrú TMTT sin. Tugtar tuairisc iomlán ar an Tionscadal i gCaibidil 5, Cur Síos Tionscadail agus i gCaibidil 7, Gníomhaíochtaí Tógála den TMTT nuashonraithe seo.

Tá na gnéithe seo a leanas den Tionscadal ábhartha go háirithe don mheasúnacht acmhainní agus dramhaíola:

- **Dearadh:** nuair a bhí an Tionscadal á dhearadh, cuireadh san áireamh ó thús deireadh an laghad úsáid agus a d'fhéadfaí a bhaint as acmhainní agus giniúint dramhaíola a íoslaghdú trí ábhar a choimeád ar an láithreán agus ábhar a athúsáid
- **Céim na tógála:** ginfear dramhaíl nuair a dhéanfar láithreán a ghlanadh, a scartáil agus a thochailt. Ginfear dramhaíl tógála ghinearálta freisin le linn chéim na tógála. Nuair a bheidh an Tionscadal á thógáil, íoslaghdófar an méid ábhar a úsáidfear agus athúsáidfear ábhair nuair is féidir
- **An chéim oibríochta:** Ginfear méid beag dramhaíola freisin le linn na céime oibríochta i gcás gníomhaíochtaí cothabhála a bhaineann leis an tionscadal

Déantar measúnacht anseo ar úsáid acmhainní agus an fhéidearthacht maidir le hábhar dramhaíola agus farasbarr ábhair a ghiniúint le linn chéimeanna tógála agus oibríochta an Tionscadail. Déantar scrúdú ar an tionchar comhshaoil a d'fhéadfadh a bheith ag úsáid acmhainní agus ag giniúint agus bainistiú eascairtí dramhaíola soladaí i gcomhthéacs na timpeallachta bainistithe acmhainní agus dramhaíola áitiúla, réigiúnaí agus náisiúnta atá ann cheana féin. Sainaithnítear bearta maolaithe, i gcás inar gá, chun an tionchar a bheidh ag úsáid acmhainní agus giniúint dramhaíola ón Tionscadal a laghdú le linn na gcéimeanna tógála agus oibríochta.

Ba chóir a thabhairt ar aird go ndearnadh díchoimisiúnú an Tionscadail a scópáil amach as an measúnacht seo ar bhainistiú acmhainní agus dramhaíola toisc nach bhfuil aon oibreacha díchoimisiúnaithe beartaithe nó samhlaithe toisc go bhfuil an bonneagar sin deartha le haghaidh glúnta amach anseo le saolré deartha níos mó ná 120 bliain.

---

[1] An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, 2024. Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024. Ar fáil ar: https://www.gov.ie/en/publication/67104-climate-action-plan/?

## 20.2 Reachtaíocht, Beartas agus Treoir

### 20.2.1 Treoirlínte agus Beartas

Cuireadh na treoirlínte agus na doiciméid bheartais seo a leanas san áireamh nuair a bhíothas i mbun na measúnachta bainistithe acmhainní agus dramhaíola mar chuid den TMTT nuashonraithe seo toisc go bhfuil mórdhoiciméid nua bheartais atá liostaithe thíos forbartha ó rinneadh TMTT 2018:

- Straitéis Uile-Rialtais don Gheilleagar Ciorclach 2022 - 2023 (Éire)[2]
- Plean Gníomhaíochta Dramhaíola le hAghaidh Geilleagar Ciorclach: Polasaí Náisiúnta Dramhaíola na hÉireann 2020 - 2025[3]
- Comhairliúchán ar Phacáiste Dramhaíola an Gheilleagair Chiorclaigh a Thrasuí (Éire)[4]
- Plean Forbartha Chathair na Gaillimhe 2023 – 2029[5]
- An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) Construction and Demolition Waste Statistics for Ireland[6]
- EPA Municipal Waste Statistics for Ireland[7]
- EPA Biodegradable municipal waste to landfill[8]
- EPA Hazardous Waste Statistics for Ireland[9]
- Draft Guidelines on the Information to be contained in Environmental Impact Assessment Reports, 2022 ('Treoirlínte EPA')[10]
- The EPA Circular Economy Programme 2021 - 2027[11]

---

[2] An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, 2021. Straitéis Uile-Rialtais don Gheilleagar Ciorclach 2022-2023 'Maireachtáil Níos Mó, Úsáid Níos Lú'. Ar fáil ar: https://www.gov.ie/ga/foilsiuchan/62f92-straiteis-uile-rialtais-don-gheilleagar-ciorclach-2022-2023/?

[3] An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, 2020a. Plean Gníomhaíochta Dramhaíola le hAghaidh Geilleagar Ciorclach. Ar fáil ar: https://www.gov.ie/ga/foilsiuchan/9abf3-plean-gniomhaiochta-dramhaiola-le-haghaidh-geilleager-ciorclach-2020-2025/?

[4] An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, 2020b. Comhairliúchán ar Phacáiste Dramhaíola an Gheilleagair Chiorclaigh a Thrasuí. Ar fáil ar: https://www.gov.ie/en/consultation/46eb42-consultation-on-the-transposition-of-the-circular-economy-waste-pack/

[5] Comhairle Cathrach na Gaillimhe, 2022. Plean Forbartha Chathair na Gaillimhe 2023-2029. Ar fáil ar: https://www.galwaycity.ie/gccfiles/?r=/download&path=L0RlcGFydG1lbnRzL1BsYW5uaW5nL0RldmVsb3BtZW50IFBsYW4vMjAyMy0yMDI5L0Fkb3B0ZWQgUGxhbi9HYWx3YXkgQ2l0eSBEZXZlbG9wbWVudCBQbGFuIFdyaXR0ZW4gU3RhdGVtZW50IDIwMjMgLSAyMDI5LnBkZg%3D%3D

[6] EPA, 2024a. Construction & Demolition Waste Statistics for Ireland. Ar fáil ar: https://www.epa.ie/our-services/monitoring--assessment/waste/national-waste-statistics/construction--demolition/#:~:text=The%20C%26D%20sector%20in%20Ireland,C%26D%20waste%20generated%20in%202019.

[7] EPA, 2023a. Municipal Waste Statistics for Ireland. Ar fáil ar: https://www.epa.ie/our-services/monitoring--assessment/waste/national-waste-statistics/municipal/

[8] EPA, 2023b. Biodegradable Municipal Waste to Landfill. Ar fáil ar: https://www.epa.ie/our-services/monitoring--assessment/waste/national-waste-statistics/biodegradable-municipal-waste/#:~:text=BMW%20comprises%20those%20elements%20of,and%20lessens%20landfill%20aftercare%20burden.

[9] EPA, 2024b. Hazardous Waste Statistics for Ireland. Ar fáil ar: https://www.epa.ie/our-services/monitoring--assessment/waste/national-waste-statistics/hazardous/#:~:text=Ireland%20generated%20389%2C908%20tonnes%20of,reducing%20by%20almost%2065%2C000%20tonnes.

[10] EPA, 2022. Guidelines on the Information to be Contained in Environmental Impact Assessment Reports. Ar fáil ar: https://www.epa.ie/publications/monitoring--assessment/assessment/EIAR_Guidelines_2022_Web.pdf

[11] EPA, 2021a. The Circular Economy Programme 2021-2027. Ar fáil ar: https://www.epa.ie/publications/circular-economy/resources/EPA_Circular_Economy_2021_Programme_Apr22_Web.pdf

- Best Practice Guidelines for the Preparation of Resource & Waste Management Plans for Construction & Demolition Projects[12]
- Treoirnóta EPA. A guide to by-products and submitting a by-product notification under Article 27 of the European Communities (Waste Directive) Regulations, 2011[13]
- EPA Guidance to Planners, Planning Authorities and An Bord Pleanála on the Management of Excess Soil and Stone from Developments[14]
- EPA Guidance on Soil and Stone By-products in the context of Article 27 of the European Communities (Waste Directive) Regulations 2011[15]
- EPA Waste Classification: List of Waste & Determining if Waste is Hazardous or Non-hazardous[16]
- Institute of Environmental Management and Assessment (IEMA) Guide to Materials and Waste in Environmental Impact Assessment[17]
- Regional Waste Management Offices (RWMO) National Management Plan for a Circular Economy 2024-2030[18]
- RWMO Construction & Demolition Waste, Soil and Stone Recovery / Disposal Capacity[19]
- Bonneagar Iompair Éireann. (BIÉ) The Management of Waste from National Road Construction Projects, GE-ENV-01101[20]

Cé gur forbraíodh treoir nua maidir le bainistiú dramhaíola, bhí an chóireáil bhunaidh a rinneadh ar dhramhaíl don TMTT in 2018 láidir toisc go raibh sé ar aon dul leis an Acht um Bainistiú Dramhaíola, 1996, arna leasú, agus le Creat-Treoir Dramhaíola 2008, arna leasú, agus leanadh na prionsabail chéanna ann agus atá sna doiciméid nua seo, i.e. an úsáid as acmhainní agus giniúint dramhaíola a íoslaghdú trí phrionsabail chiorclacha. Tugtar measúnacht sa TMTT nuashonraithe seo ar na himpleachtaí a bheidh ag giniúint dramhaíola le linn gach ceann de chéimeanna an Tionscadail i gcomhréir leis an treoir is déanaí a d'fhoilsigh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil in 2022 maidir leis an bhfaisnéis a bheidh i dTuarascálacha ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta[10], agus nótálann sé é mar 'thoisc thimpeallachta' shonrach nó topaic a chaithfear a chur san áireamh.

[12] EPA, 2021b. Best Practice Guidelines for the Preparation of Resource & Waste Management Plans for Construction & Demolition Projects. Ar fáil ar: https://www.epa.ie/publications/circular-economy/resources/best-practice-guidelines-for-the-preparation-of-resource--waste-management-plans-for-construction--demolition-projects.php

[13] EPA, 2020a. By-Product - Guidance Note. A guide to by-products and submitting a by-product notification under Article 27 of the European Communities (Waste Directive) Regulations, 2011. Ar fáil ar: https://www.epa.ie/publications/licensing--permitting/waste/ByProduct_Guidance.pdf

[14] EPA, 2020b. Guidance to Planners, Planning Authorities and An Bord Pleanála on the Management of Excess Soil and Stone from Developments. Ar fáil ar: https://www.epa.ie/publications/licensing--permitting/waste/Guidance_for_Planners.pdf

[15] EPA, 2019. Guidance on Soil and Stone By-products. Ar fáil ar: https://www.epa.ie/publications/licensing--permitting/waste/Guidance_on_Soil_and_Stone_By_Product.pdf

[16] EPA, 2018. Waste Classification – List of Waste & Determining if Waste is Hazardous or Non-hazardous. Ar fáil ar: https://www.epa.ie/publications/monitoring--assessment/waste/2019--FULL-template.pdf

[17] IEMA, 2020. Guide to Materials and Waste in Environmental Impact Assessment. Ar fáil ar: https://www.iema.net/content/materials-and-waste-in-environmental-impact-assessment-march-2020/

[18] Oifigí Réigiúnacha um Bainistiú Dramhaíola, 2024. Plean Náisiúnta um Bainistiú Dramhaíola le haghaidh Geilleagar Ciorclach 2024-2030. Ar fáil ar: https://www.mywaste.ie/wp-content/uploads/2024/02/National-Waste-Management-Plan-for-a-Circular-Economy-Volume-VA-SEA-Statement.pdf

[19] Oifigí Réigiúnacha um Bainistiú Dramhaíola, 2020. Construction & Demolition Waste, Soil and Stone Recovery / Disposal Capacity.

[20] Bonneagar Iompair Éireann (BIÉ), 2017. The Management of Waste from National Road Construction Projects, GE-ENV-01101.

### 20.2.2 Treoracha agus Reachtaíocht

Rinneadh an measúnacht sa TMTT nuashonraithe seo de réir Threoir 2011/92/AE[21] maidir le measúnú ar na héifeachtaí atá ag tionscadail áirithe phoiblí agus phríobháideacha ar an gcomhshaol arna leasú le Treoir 2014/52/AE[22] ('Treoir EIA') de réir na dtreoirlínte is déanaí ón EPA in 2022.

Ina theannta sin, breithníodh an reachtaíocht Eorpach agus Náisiúnta seo a leanas nuair a bhí an measúnú dramhaíola agus acmhainní á dhéanamh:

- Treoir (AE) 2018/851 'an Chreat-Treoir maidir le Dramhaíl[23]
- I.R. Uimh. 323/2020 - Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Treoir maidir le Dramhaíl) 2020 'na Rialacháin um an Treoir maidir le Dramhaíl[24]
- I.R. Uimh. 86/2008 – Na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Cead agus Clárú Saoráide) 2008, arna leasú[25]
- I.R. Uimh. 821/2007 – Na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Cead agus Clárú Saoráide) 2007, arna leasú[26]
- I.R. Uimh. 820/2007 - Na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Cead Bailiúcháin) 2007[27], arna leasú
- I.R. Uimh. 419/2007[28] - Na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Loingsithe Dramhaíola), 2007
- Treoir ón gComhairle 1999/31/CE an 26 Aibreán 1999 maidir le dramhaíl a chur i líonadh talún 'Treoir maidir le Líonadh Talún[29]
- I.R. Uimh. 126/2011[30] - Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Treoir maidir le Dramhaíl) 2011 (arna leasú)
- An tAcht um Bainistiú Dramhaíola, 1996[31] (arna leasú)

---

[21] An tAontas Eorpach, 2011. Treoir 2011/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le measúnú ar na héifeachtaí atá ag tionscadail áirithe phoiblí agus phríobháideacha ar an gcomhshaol. Ar fáil ar: https://eur-lex.europa.eu/eli/dir/2011/92/oj

[22] An tAontas Eorpach, 2014. Treoir 2014/52/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 lena leasaítear Treoir 2011/92/AE maidir le measúnú ar na héifeachtaí atá ag tionscadail áirithe phoiblí agus phríobháideacha ar an gcomhshaol. Ar fáil ar: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=celex%3A32014L0052

[23] An tAontas Eorpach, 2018. Treoir (AE) 2018/851 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 lena leasaítear Treoir 2008/98/CE maidir le dramhaíl. Ar fáil ar: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/HTML/?uri=CELEX:32018L0851

[24] An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na Aeráide agus Comhshaoil, 2020. I.R. Uimh. 323/2020 - Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Treoir maidir le Dramhaíl), 2020.

[25] An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, 2008. I.R. Uimh. 86/2008 – Na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Cead agus Clárú Saoráide) (leasú), 2008. Ar fáil ar: https://www.irishstatutebook.ie/eli/2008/si/86/made/en/print#:~:text=No.-,86%2F2008%20%2D%20Waste%20Management%20(Facility%20Permit%20and,Registration)%20(Amendment)%20Regulations%202008&text=%E2%80%9CIris%20Oifigi%C3%BAil%E2%80%9D%20of%208th%20April%2C%202008.&text=1.,)%20(Amendment)%20Regulations%202008.

[26] An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, 2007. I.R. Uimh. 821/2007 Na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Cead agus Clárú Saoráide), 2007. Ar fáil ar: https://www.irishstatutebook.ie/eli/2007/si/821#:~:text=S.I.,Permit%20and%20Registration)%20Regulations%202007

[27] An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, 2007. I.R. Uimh. 820/2007 - Na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Cead Bailiúcháin) 2007. Ar fáil ar: https://www.irishstatutebook.ie/eli/2007/si/820/made/en/print

[28] An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, 2007. I.R. Uimh. 419/2007 - Na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Loingsithe Dramhaíola), 2007. Ar fáil ar: https://www.irishstatutebook.ie/eli/2007/si/419/made/en/print

[29] Comhairle an Aontais Eorpaigh, 1999. Treoir maidir le Líonadh Talún. Ar fáil ar: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=celex%3A31999L0031

[30] An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, 2011. I.R. Uimh. 126/2011 - Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Treoir maidir le Dramhaíl) 2011. Ar fáil ar: https://www.irishstatutebook.ie/eli/2011/si/126/made/en/print

[31] Rialtas na hÉireann, 1996. An tAcht um Bainistiú Dramhaíola. Ar fáil ar: https://www.irishstatutebook.ie/eli/1996/act/10

- An tAcht um an nGeilleagar Ciorclach agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2022[32]

Tá achoimre den phríomhreachtaíocht, beartas agus treoir san áireamh in Aguisín A.20.1 in Imleabhar 4 den TMTT nuashonraithe seo.

### 20.2.3 Na Prionsabail maidir le Bainistiú Acmhainní agus Dramhaíola Inbhuanaithe

#### *20.2.3.1 An Geilleagar Ciorclach*

Is é príomhchuspóir an bhainistithe acmhainní agus dramhaíola inbhuanaithe ábhar a úsáid ar bhealach níos éifeachtúla, i gcás ina gcoinnítear luach táirgí, ábhar agus acmhainní sa gheilleagar chomh fada agus is féidir ionas go n-íoslaghdófar an ghiniúint dramhaíola. Chun éifeachtúlacht acmhainní a bhaint amach, is gá bogadh ón ngeilleagar líneach traidisiúnta go dtí geilleagar ciorclach, mar a shonraítear i bPláta 20.1.

Sainítear san Acht um an nGeilleagar Ciorclach agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2022 an geilleagar ciorclach mar:

*"samhail eacnamaíoch agus na beartais agus cleachtais a thugann éifeacht don tsamhail sin ina ndéantar:*

> *(a) próisis táirgthe agus dáileacháin i leith earraí, táirgí agus ábhar a dhearadh chun ídiú na n-amhábhar a bhaineann le táirgeadh agus úsáid na n-earraí, na dtáirgí agus na n-ábhar sin a íoslaghdú,*
>
> *(b) seachadadh seirbhísí a dhearadh ar bhealach chun ídiú amhábhar a laghdú*
>
> *(c) earraí, táirgí agus ábhair a choimeád in úsáid chomh fada agus is féidir rud lena laghdaítear dá réir sin ídiú amhábhar agus na tionchair atá díobhálach don timpeallacht,*
>
> *(d) an luach eacnamaíoch uasta a bhaintear as earraí, táirgí, agus ábhair, sin arna dhéanamh ag na daoine a úsáideann iad, agus*
>
> *(e) earraí, táirgí agus ábhair a aisghabháil agus a athghiniúint ag deireadh a saolré fhónta"*

Tugtar ar aird i bPlean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh don Gheilleagar Ciorclach (An Coimisiún Eorpach, 2020):

*"...is gá don Aontas Eorpach dlús a chur faoin aistriú i dtreo samhail fáis athghiniúnach a thugann níos mó ar ais don phláinéad ná mar a thógann sé uaidh, oibriú i dtreo a ídiú acmhainní a choimeád laistigh de theorainneacha pláinéadacha, agus dá bhrí sin féachaint lena lorg ídithe a laghdú agus an ráta ag a n-úsáideann sé ábhar ciorclach a dhúbailt as seo go ceann deich mbliana."*

[32] Rialtas na hÉireann, 2022. An tAcht um an nGeilleagar Ciorclach agus Forálacha Ilghnéitheacha. Ar fáil ar: https://www.irishstatutebook.ie/eli/2022/act/26/




**Pláta 20.1 Samhail Shimplithe don Gheilleagar Ciorclach le haghaidh Ábhar agus Fuinnimh**

Ghlac an Coimisiún Eorpach (2020) le Plean Gníomhaíochta nua don Gheilleagar Ciorclach – ceann de na príomhbhloic sa Mhargadh Glas Eorpach, clár oibre nua na hEorpa don fhás inbhuanaithe. Sainaithnítear cúrsaí tógála sa Phlean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach mar phríomhréimse ina bhfuil deiseanna le haghaidh éifeachtúlacht agus ciorclaíocht acmhainní.

D’fhoilsigh an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide an Straitéis Uile-Rialtais don Gheilleagar Ciorclach 2022 - 2023[2] i mí na Nollag 2021. Is é is aidhm don Straitéis tacú le bearta agus iad a chur i bhfeidhm, chun laghdú mór a chur ar bhearna chiorclaíochta na hÉireann, ionas go mbeidh ráta na hÉireann os cionn mheán an Aontais faoi 2030.

I mí Iúil 2022, d’achtaigh an tOireachtas an tAcht um an nGeilleagar Ciorclach agus Forálacha Ilghnéitheacha[32]. Leis an Acht sin cuirtear an Straitéis agus an gealltanas maidir le geilleagar ciorclach ar bhonn reachtúil follasach. Tá sé mar bhonn ag an aistriú a dhéanfaidh Éire ó shamhail líneach ‘tóg-déan-dramhaíl’ go dtí patrún táirgthe agus ídithe níos inbhuanaithe, a choinníonn luach na n-acmhainní inár ngeilleagar chomh fada agus is féidir agus a laghdóidh go mór ár n-astaíochtaí gás ceaptha teasa. Is príomhchéim atá san Acht san aistriú rathúil a dhéanfaidh geilleagar na hÉireann chuig geilleagar ciorclach agus cruthúnas é ar thiomantas an Stáit maidir leis an sprioc sin a bhaint amach.

#### 20.2.3.2 An tOrdlathas Dramhaíola

I gcás nach féidir dramhaíl iarmharach a sheachaint, caithfear léi ar bhealach a leanann an t-ordlathas dramhaíola (mar a léirítear i bPláta 20.2 agus mar atá leagtha amach sa Chreat-Treoir Dramhaíola).

Tacaíonn an t-ordlathas dramhaíola leis an ngá úsáid éifeachtúil a bhaint as acmhainní ábhar, an méid dramhaíola a tháirgtear a íoslaghdú (nó mar mhalairt air sin a luach mar acmhainn a mhéadú) agus an méid dramhaíola a dhéantar a dhiúscairt i líonadh talún a laghdú, a mhéid is féidir é.




**Pláta 20.2 An tOrdlathas Dramhaíola**

Breithnítear topaicí eile a bhaineann le bainistiú acmhainní agus dramhaíola, mar an tionchar tráchta le linn chéim na tógála, an tionchar ar cháilíocht an uisce agus acmhainní mianraí sna caibidlí seo a leanas:

- An tionchar tráchta le linn chéim na tógála, lena n-áirítear an trácht a bhaineann le bainistiú dramhaíola, a bhreithnítear i gCaibidil 7, Gníomhaíochtaí Tógála
- Breithnítear cáilíocht an uisce agus rioscaí maidir le truailliú i gCaibidil 7, Gníomhaíochtaí Tógála
- Breithnítear acmhainní mianraí i gCaibidil 9, Ithreacha agus Geolaíocht agus i gCaibidil 10, Hidrigeolaíocht

## 20.3 Modheolaíocht

### 20.3.1 Limistéar Staidéir

Agus an limistéar staidéir le haghaidh bainistiú acmhainní agus dramhaíola á bhreithniú, is gá an limistéar ina ngintear acmhainní agus dramhaíl a chur san áireamh, chomh maith leis na saoráidí sin lena ndéantar athúsáid, athchúrsáil, aisghabháil agus/nó diúscairt ar dhramhaíl.

Cuimsítear leis an limistéar staidéir le haghaidh acmhainní agus giniúint dramhaíola ón Tionscadal na limistéir agus na gníomhaíochtaí laistigh de Theorainn na Measúnachta. Téigh chuig Caibidil 5 – Cur síos ar an Tionscadal chun tuilleadh sonraí a fháil.

Féadfar dramhaíl ón Tionscadal a ghlacadh ag láithreáin go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta (ag a bhfuil an deimhniú clárúcháin cuí, an cead le haghaidh saoráid dramhaíola agus/nó ceadúnas dramhaíola ón EPA maidir le méid agus cineál na dramhaíola) lena cóireáil, haisghabháil agus/nó diúscairt. Mar sin féin, toisc go dtarlaíonn pleanáil bainistithe dramhaíola in Éirinn ar bhonn réigiúnach, is é Réigiún Dramhaíola Chonnacht-Uladh atá i gceist leis an limistéar staidéir le haghaidh cóireáil, aisghabháil agus/nó diúscairt dramhaíola, a thugann isteach na naoi n-údarás áitiúla a liostaítear thíos i dTábla 20.1.

**Tábla 20.1 Údaráis Áitiúla Réigiún Dramhaíola Chonnacht-Uladh**

| Údarás Áitiúil | Údarás Áitiúil |
|---|---|
| Comhairle Contae Mhaigh Eo | Comhairle Cathrach na Gaillimhe |
| Comhairle Contae Ros Comáin | Comhairle Chontae Shligigh |
| Comhairle Chontae Liatroma | Comhairle Contae Dhún na nGall |
| Comhairle Chontae an Chabháin | Comhairle Contae Mhuineacháin |
| Comhairle Chontae na Gaillimhe | |

I gcás ina raibh sonraí ar fáil ar leibhéal an údaráis áitiúil nó réigiúnaigh, baineadh úsáid astu sin. Úsáidtear sonraí náisiúnta i gcás inarb é sin an t-aon leibhéal ag a bhfuil staitisticí agus sonraí foilsithe.

### 20.3.2 An Modh Breithmheasa chun Measúnacht a dhéanamh ar an Tionchar

Rinneadh measúnacht ar an tionchar comhshaoil a d'fhéadfadh a bheith ag giniúint dramhaíola soladaí agus ag úsáid agus bainistiú acmhainní a bhaineann leis an Tionscadal sna céimeanna tógála agus oibríochta. D'fhéadfadh sé gur tionchar neodrach, dearfach nó diúltach a bheadh ann agus tá sé ag brath ar na bearta a úsáideadh chun an dramhaíl a gineadh agus na hacmhainní a úsáideadh a chosc agus/nó a bhainistiú.

#### *20.3.2.1 An Mhodheolaíocht Measúnachta*

Déantar measúnacht ar an tionchar dóchúil trí thuairisc a thabhairt ar ghiniúint agus ar bhainistiú dramhaíola agus fotháirgí ón Tionscadal agus é sin a chur i gcomparáid leis an mbonnlíne atá in Éirinn faoi láthair chun dramhaíl agus fotháirgí a bhainistiú. Breithníodh an mheasúnacht tionchair agus na roghanna maidir le bainistiú dramhaíola i dtaca leis an ordlathas dramhaíola agus an Chreat-Treoir Dramhaíola.

Cuireadh na tosca seo a leanas san áireamh nuair a bhí tábhacht thionchar an Tionscadail ar na gnéithe éagsúla den timpeallacht ghlactha á gcinneadh:

- Staidéar deisce ar chleachtais reatha le haghaidh bainistiú dramhaíola agus fotháirgí in Éirinn
- Sonraí a bailíodh maidir leis na cineálacha agus méideanna dramhaíola agus giniúint agus bainistiú fotháirgí ón Tionscadal
- Measúnacht ar an tionchar comhshaoil a d'fhéadfadh teacht chun cinn ón méid dramhaíola óna dteastaíonn diúscairt, i gcomhréir leis na critéir shuntasachta ó Threoirlínte EPA[10]
- An farasbarr ábhair a thagann chun cinn agus acmhainn an bhonneagair dramhaíola sa CUWR ina bhfuil an Tionscadal suite
- Athbhreithniú ar an tionchar suntasach a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis an Tionscadal i gcomhthéacs an ordlathais dramhaíola agus prionsabail an gheilleagair chiorclaigh (téigh chuig Cuid 20.3.4) chun na bearta maolaithe a theastaíonn a chinneadh

### 20.3.3 Bailiú agus Comhthiomsú Sonraí

Tugadh faoi staidéar deisce don TMTT nuashonraithe seo, ina ndearnadh athbhreithnithe orthu seo a leanas:

- An beartas agus an reachtaíocht ábhartha lena gcruthaítear an creat dlíthiúil le haghaidh bainistiú dramhaíola agus acmhainní in Éirinn
- Dearadh an Tionscadail chun maolú cuí a shainaithint agus bainistiú dramhaíola a bhogadh suas san ordlathas dramhaíola trí dhea-chleachtas a chur i bhfeidhm, nuair is féidir
- Farasbarr ábhar agus giniúint fotháirgí measta le haghaidh chéim thógála an Tionscadail
- Farasbarr ábhar agus giniúint fotháirgí measta le haghaidh chéim oibríochta an Tionscadail
- Cineálacha, méideanna agus bainistiú eascairtí dramhaíola tógála agus scartála a ghintear in Éirinn, san Údarás Áitiúil ábhartha agus CUWR

- Cineálacha, méideanna agus bainistiú eascairtí dramhaíola guaisí a ghintear in Éirinn
- Cineálacha, méideanna agus bainistiú ar dhramhaíl chathrach a ghintear in Éirinn
- An bonneagar dramhaíola a bheith ar fáil (cineál agus acmhainn) laistigh de dhlínse an Údaráis Áitiúil agus CUWR

### 20.3.4 Na Prionsabail maidir le Bainistiú Dramhaíola

Tá sonraí sa chuid seo faoi na prionsabail maidir leis an ordlathas dramhaíola, de réir na Creat-Treorach maidir le Dramhaíl, a chuirfidh an Conraitheoir a cheapfar san áireamh le linn chéim na tógála. Tá cuntas air sin freisin sa Phlean um Bainistiú Acmhainní agus Dramhaíola Tógála agus Scartála (CDRWMP), ar féidir teacht air sa Phlean um Bainistiú Comhshaoil Tógála (CEMP) in Aguisín A.7.5 de Chaibidil 7, Gníomhaíochtaí Tógála den TMTT nuashonraithe seo.

#### *20.3.4.1 Cosc agus Íoslaghdú*

Is é cosc ar dhramhaíl agus íoslaghdú na dramhaíola na bealaí is inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de chun farasbarr ábhair a bhainistiú. Is cuid nádúrtha de dhearadh an Tionscadail iad na prionsabail maidir le cosc agus íoslaghdú na dramhaíola lena n-áirítear, mar shampla, machnamh a dhéanamh ar an úsáid a bhaintear as ábhair thógála inbhuanaithe agus ábhair thochailte a athúsáid, nuair is féidir.

#### *20.3.4.2 Athúsáid*

Le Rialachán 27 ó na Comhphobail Eorpacha (Treoir maidir le Dramhaíl) 2011 [I.R. Uimh. 126 de 2011), arna leasú (Rialachán 27)[30], ceadaítear do tháirgeoir ábhar a chinneadh, faoi imthosca áirithe, gur fotháirge seachas dramhaíl, atá in ábhar. Is féidir substaintí nó rudaí, mar ithir agus clocha a tháirgtear le linn tionscadail thógála, a chinneadh mar fhotháirge má chomhlíonann siad gach ceann de na critéir seo a leanas:

- Táthar cinnte go mbainfear tuilleadh úsáide as an tsubstaint nó as an rud
- Is féidir an tsubstaint nó an rud a úsáid go díreach gan aon phróiseáil bhreise seachas an gnáthchleachtas sa tionscal
- Táirgtear an tsubstaint nó an rud mar chuid nádúrtha den phróiseas táirgthe
- Tá úsáid bhreise dleathach, sa mhéid is go gcomhlíonann an tsubstaint nó an rud na ceanglais uile ábhartha maidir leis an táirge, agus cosaint chomhshaoil agus sláinte le haghaidh na húsáide ar leith agus nach leanfaidh tionchar comhshaoil nó drochthionchar sláinte don duine tríd is tríd as

Is fotháirge a bheidh i substaint nó rud má chomhlíonann siad gach ceann de na coinníollacha atá mionsonraithe i Rialachán 27. Cuimsítear leis an limistéar bonnlíne le haghaidh athúsáid fotháirgí de réir Rialachán 27 an tír ar fad, toisc nach ndéantar aon idirdhealú réigiúnach i gclár Rialachán 27.

I gcás ina bhfuil sé beartaithe fógra Rialachán 27 de chuid an EPA a úsáid maidir le hábhar scartála nó tochailte ón Tionscadal, beidh an Conraitheoir a cheapfar freagrach as a chinntiú go gcomhlíonfar Rialachán 27 de Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Treoir maidir le Dramhaíl), 2011 (arna leasú) lena n-áirítear fógra a thabhairt don EPA, ag lorg cinnidh ón EPA maidir leis an gceist agus gach treoir Gníomhaireachta ábhartha maidir leis an gceist a chomhlíonadh.

I gcás ina bhfuil sé beartaithe ithir ar fotháirge í a úsáid lasmuigh den láithreán agus í faoi réir Rialachán 27 de Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Treoir maidir le Dramhaíl), 2011 (arna leasú), beidh an Conraitheoir a cheapfar freagrach as aon dícheall cuí is gá a dhéanamh maidir leis an ábhar agus a chinntiú gur comhlíonadh treoirlínte uile an EPA a bhaineann leis an bhfógra Rialachán 27 sin sula ndéantar an ithir a thabhairt isteach sa láithreán. I gcás ina féidir, inar cuí agus ina bhfuil fáil orthu, bainfear úsáid as fotháirgí tógála a thiocfaidh as láithreáin eile chun an láithreán seo a fhorbairt, in ionad ábhair nua as an bpíosa a úsáid.

#### *20.3.4.3 Athchúrsáil, Aisghabháil agus Diúscairt*

I gcás ina ngintear farasbarr ábhair nach féidir a athúsáid, measfar gur dramhaíl iad sin agus tabharfar chomh fada leis na saoráidí athchúrsála, aisghabhála nó diúscartha iad de réir an Achta um Bainistiú Dramhaíola[24], ag a bhfuil deimhniú clárúcháin, cead saoráide dramhaíola agus/nó ceadúnas dramhaíola ón EPA.

Iompróidh sealbhóir cead bailiúcháin dramhaíola cuí, arna dheonú de réir I.R. Uimh. 820/2007 an dramhaíl uile ón láithreán[27].

Is é an rogha diúscartha an rogha deiridh le haghaidh farasbarr ábhair a ghintear leis an Tionscadal agus ní bhreithneofar é mar rogha ach amháin nuair nach féidir dramhaíl a chur i gcomhair athchúrsála nó aisghabhála chuig saoráidí atá ceadaithe/ceadúnaithe go cuí le haghaidh cuspóirí athúsáide/athchúrsála.

Ina theannta sin, i gcás nach ann don acmhainn saoráide dramhaíola in Éirinn chun sruthanna dramhaíola sonracha a bhainistiú, ar nós ithreacha guaiseacha, tabharfaidh sealbhóir cead bailiúcháin dramhaíola cuí, arna dheonú de réir I.R. Uimh. 820/2007 iad sin agus déanfar iad a easpórtáil ina dhiaidh sin i gcomhair cóireála, aisghabhála nó diúscartha de réir fhorálacha I.R. Uimh. 419/2007[28].

Beidh an Conraitheoir a cheapfar freagrach, faoin Acht um Bainistiú Dramhaíola, 1996, arna leasú, agus mar a shonraítear sa Phlean um Bainistiú Acmhainní agus Dramhaíola Tógála agus Scartála (CDRWMP) (Aguisín A.7.5 CEMP in Imleabhar 4 den TMTT nuashonraithe seo), as a chinntiú go bhfuil an t-ábhar uile a thabharfar chuig saoráidí dramhaíola údaraithe aicmithe i gceart agus go gcomhlíonfaidh sé critéir ghlactha dramhaíola an láithreáin ghlactha.

Beidh an Conraitheoir a cheapfar freagrach as comhaontuithe a fháil maidir le farasbarr ábhair ón Tionscadal a athúsáid, a athchúrsáil nó a dhiúscairt i dtionscadail tógála nó i saoráidí údaraithe, i gcás inarb iomchuí, de réir an Achta um Bainistiú Dramhaíola, 1996, arna leasú, agus rialacháin ghaolmhara.

I gcás ina féidir, bainfear úsáid as comhpháirteanna nó ábhair athchúrsáilte sa Tionscadal in ionad ábhar nua. Tá úsáid comhpháirteanna nó ábhar athchúrsáilte faoi réir fhorálacha an Achta um Bainistiú Dramhaíola, 1996, arna leasú, agus Rialachán 28 de Rialacháin an Aontais Eorpaigh (An Treoir maidir le Dramhaíl), 2011 (arna leasú).

### 20.3.5 Comhairliúchán

Tugadh faoi chomhairliúchán ar chomhlíontacht na saoráidí ceadúnais dramhaíola don TMTT nuashonraithe chun stádas reatha na saoráidí féideartha a fháil. Chun faisnéis a fháil maidir leis an gcomhairliúchán foriomlán don Tionscadal, déan tagairt do Chaibidil 1, Réamhrá a ghabhann leis an TMTT nuashonraithe seo.

### 20.3.6 Deacrachtaí / Teorainneacha a tháinig aníos

Ullmhaíodh an chaibidil seo den TMTT nuashonraithe bunaithe ar an bhfaisnéis is fearr atá ar fáil agus de réir an dea-chleachtais agus na dtreoirlínte ábhartha reatha. Níor thángthas ar aon deacrachtaí teicniúla nuair a bhí an chaibidil seo den TMTT nuashonraithe á hullmhú.

## 20.4 An Timpeallacht Ghlactha

### 20.4.1 Dramhaíl Tógála agus Scartála

#### *20.4.1.1 Náisiúnta*

Tá cóid liosta na Dramhaíola (LoW) le haghaidh gnáthdhramhaíl C&D san áireamh in Aguisín A.20.2 den TMTT nuashonraithe seo. Tugann na cóid LoW comhthéacs maidir leis an bpríomhdhramhaíl is dóigh a thiocfaidh as gníomhaíochtaí a bhaineann le tógáil an Tionscadail.

In 2022, an bhliain is déanaí dá bhfuil staitisticí foilsithe ar fáil, gineadh 8.3 milliún tona dramhaíola C&D in Éirinn, ag léiriú laghdú 700,000 tona ó 2021, de réir na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (EPA)[6]. As an dramhaíl sin, is ithir agus clocha a bhí i thart ar 6.7 milliún tona, thart ar 82% den sruth dramhaíola ábhar.

Tá miondealú de chomhdhéanamh na dramhaíola C&D in Éirinn in 2022 leagtha amach i dTábla 20.2, mar a thug an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ar aird[6]. Níor chóir cion an tsrutha ábhar a bhreithniú ach mar threoir amháin agus ní mar rud atá sonrach do na tionscadail uile, toisc gur féidir le dramhaíl C&D a bheith éagsúil ó thionscadal go chéile, ag brath ar chineál na forbartha agus ar na cleachtais bainistíochta dramhaíola a chuirtear in úsáid ar an láithreán.

**Tábla 20.2 Comhdhéanamh an Ábhair C&D a Bailíodh in Éirinn in 2022[6]**

| Dramhaíl C&D | Méid (tonaí) | Cion an tSrutha Ábhair |
|---|---|---|
| Ithreacha, cloch agus cartadh dreidireachta | 6741489 | 82% |
| Coincréit, brící, tíleanna, agus gipseam | 616,687 | 7% |
| Dramhaíl C&D mheasctha | 544,415 | 7% |
| Miotal | 206,851 | 3% |
| Meascáin bhiotúmanacha | 104,270 | 1% |
| Adhmad, gloine, agus plaisteach leithscartha | 54,101 | <1% |
| Iomlán | 8267813 | 100% |

Léiríonn sonraí a d'eisigh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil go raibh éagsúlacht mhór in oibríochtaí cóireála deiridh (aislíonadh, athchúrsáil, aisghabháil fuinnimh, diúscairt) an ábhair dramhaíola C&D idir sruthanna ábhar. Úsáideadh an méid is mó de dhramhaíl C&D le haghaidh aislíonadh níos mó ná aon rud eile (oibríocht aisghabhála) a léiríonn go ginearálta go raibh níos mó ithreach agus cloch sa mheascán comhdhéanaimh foriomláin.

Tuairiscíonn an EPA gur éirigh le hÉirinn 82% d'ábhar a aisghabháil in 2022 ó dhramhaíl tógála agus scartála[6]. Faoin gCreat-Treoir maidir le Dramhaíl ní mór do bhallstáit 70% d'aisghabháil ábhar a bhaint amach maidir le dramhaíl neamhghuaiseach, C&D nach bhfuil ithir ná clocha ann faoi 2020 agus d'éirigh le hÉirinn é sin a bhaint amach.

Cuirtear na staitisticí acmhainneachta údaraithe náisiúnta le haghaidh saoráidí aisghabhála ithreach i láthair sa Phlean Bainistíochta Dramhaíola Náisiúnta le haghaidh Geilleagar Ciorclach 2024 - 2030[18]. Tugtar cuntas i d

Tábla 20.3 ar an miondealú náisiúnta ar na saoráidí aisghabhála ithreach uile in Éirinn in 2021.

**Tábla 20.3 Saoráidí Aisghabhála Ithreach in Éirinn 2021 (RWMO, 2024)**

| Cineál Údaraithe | An líon saoráidí | Acmhainneacht Chóireála atá ar fáil le haghaidh Dramhaíl Ithreach | Dramhaíl Ithreach ar Glacadh Léi in 2020 (tonaí) | An Acmhainneacht Chóireála ar fáil atá fágtha le haghaidh Dramhaíl Ithreach ó 2022 (tonaí) |
|---|---|---|---|---|
| Ceadúnaithe | 16 | 4,746,400 (bliantúil) | 2773687 | 25,272,206 (saolré) |
| Ceadaithe | 230 | 9,939,156 (saolré) | 2436586 | 6,686,156 (saolré) |
| Cláraithe | 228 | 3,598,291 (saolré) | 578,470 | 906,948 (saolré) |
| Iomlán | 474 | - | 5788746 | 32865310 |

Mar a phléitear i gCuid 20.3.4.2, ceadaítear le Rialachán 27 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (An Treoir maidir le Dramhaíl) 2011 (I.R. Uimh. 126 de 2011) arna leasú (Rialachán 27)[30], do tháirgeoir ábhar dearbhú a thabhairt, faoi imthosca forordaithe, gur fotháirge seachas dramhaíl atá in ábhar agus gur féidir é a athúsáid dá bhrí sin ar an láithreán nó lasmuigh den láithreán laistigh den tionscal.

Ar fhógraí Rialachán 27 a thabhairt don EPA, is féidir ábhair a chinneadh mar dhramhaíl nó mar fhotháirge. I roinnt cásanna, níor eisigh an EPA aon chinneadh, a chiallaíonn nár cinneadh gur dramhaíl atá san ábhar. In 2022, rinne an EPA measúnú ar 114 fógra maidir le fotháirgí[6]. Chinn an EPA gur fotháirgí a bhí in 2,630,095 tona den ithir agus den chloch ar tugadh fógra ina leith, mar a fógraíodh, agus gur dramhaíl a bhí in 203,851 tona. Tarraingíodh siar fógraí le haghaidh 9,900 tona.

Tuairiscíonn an EPA gur gineadh 389,908 tona dramhaíola guaisí in Éirinn in 2022, sin laghdú de bhreis ar 77,000 tona (nó 16%) ó 2021. Áirítear le dramhaíl ghuaiseach dramhaíl ó chartadh dreidireachta, ithreacha éillithe, cóireáil dramhaíola, tuaslagáin agus gnéithe guaiseacha de dhramh-threalamh leictreach agus leictreonach. In 2022, easpórtáladh 57% den dramhaíl ghuaiseach i gcomhair cóireála, agus rinneadh cóireáil ar 43% in Éirinn.

#### *20.4.1.2 Réigiúnach*

Tá achoimre de na saoráidí ag a bhfuil deimhniú clárúcháin agus an acmhainneacht chomhfhreagrach don CUWR, ag deireadh 2018, curtha i láthair i dTábla 20.4. Tá achoimre de na saoráidí ag a bhfuil cead saoráide dramhaíola agus an acmhainneacht chomhfhreagrach san CUWR, ag deireadh 2018, curtha i láthair i dTábla 20.5. Tá achoimre de na saoráidí ag a bhfuil ceadúnas dramhaíola agus an acmhainneacht chomhfhreagrach san CUWR, ag deireadh 2018, curtha i láthair i dTábla 20.6.

**Tábla 20.4 Achoimre ar Acmhainneacht Dramhaíola CUR – Saoráidí ag a bhfuil Deimhniú Clárúcháin (2018) (RWMO, 2020)**

| An líon Saoráidí | Acmhainneacht Údaraithe (Saolré) (tonaí) | Glacadh isteach 2018 (tonaí) | Acmhainneacht atá Fágtha (Saolré) (tonaí) |
|---|---|---|---|
| 53 | 1174458 | 95,380 | 1005242 |

**Tábla 20.5 Achoimre ar Acmhainneacht Dramhaíola CUR – Saoráidí ag a bhfuil Cead Saoráidí Dramhaíola (2018) (RWMO, 2020)**

| An líon Saoráidí | Acmhainneacht Údaraithe (Saolré) (tonaí) | Glacadh isteach 2018 (tonaí) | Acmhainneacht atá Fágtha (Saolré) (tonaí) |
|---|---|---|---|
| 17 | 685,325 | 48,595 | 377,170 |

**Tábla 20.6 Achoimre ar Acmhainneacht Dramhaíola CUR – Saoráidí ag a bhfuil Ceadúnas Dramhaíola (2018) (RWMO, 2020)**

| An líon Saoráidí | Acmhainneacht Údaraithe (Saolré) (tonaí) | Glacadh isteach 2018 (tonaí) | Acmhainneacht atá Fágtha (Saolré) (tonaí) |
|---|---|---|---|
| 1 | - | - | 90,000 |

### 20.4.2 Úsáid Acmhainní

Caithfear acmhainní a iompórtáil le haghaidh chéim thógála an Tionscadail, agus ar bhonn níos lú, le haghaidh chéim oibríochta an Tionscadail.

Foilsíodh tuarascáil dar teideal Essential Aggregates: Providing for Ireland's Needs to 2040[33] in 2019 ina sonraítear agus ina dtugtar léargas ar an stoc cumascán nádúrtha atá in Éirinn. Nuair a foilsíodh an tuarascáil sin, bhí thart ar 500 cairéal tráchtála mór i mbun oibre in Éirinn, thart ar 220 gléasra coincréite réamh-mheasctha, 20 gléasra coincréite réamhtheilgthe ar an mórscála agus 40 gléasra ina dtáirgtear ábhair dromchlaithe bóthair biotúmain cheangailte.

Déanann Cónaidhm Coincréite na hÉireann, an eagraíocht ionadaí náisiúnta le haghaidh thionscal chumascáin agus tháirgí coincréite na hÉireann, cainníochtú ar tháirgeadh bliantúil na n-ábhar sin in Éirinn ar a suíomh gréasáin (Cónaidhm Coincréite na hÉireann, 2024)[34], agus is mar seo a leanas atá figiúirí 2022:

- Cúig mhilliún méadar ciúbach de choincréit réamh-mheasctha
- 135 milliún bloc coincréite

---

[33] Cónaidhm Coincréite na hÉireann, 2019. Essential Aggregates – Providing for Ireland's Needs to 2040. Ar fáil ar: https://irishconcrete.ie/wp-content/uploads/2019/10/Essential-Aggregates-Final.pdf

[34] Cónaidhm Coincréite na hÉireann, 2024. Irish Quarrying and Concrete Products Industry 2022. https://irishconcrete.ie/industry-at-a-glance/

- 38 milliún tona cumascán
- Dhá mhilliún tona d'ábhair dromchlaithe bóthair biotúmain
- Dhá mhilliún méadar cearnach de tháirgí pábhála

Aithnítear go mbeidh acmhainní breise ag teastáil, le linn chéim thógála agus oibríochta an Tionscadail. Mar sin féin, níl sonraí/staitisticí náisiúnta ar fáil faoi láthair maidir le táirgeacht bhliantúil na n-ábhar sin in Éirinn.

### 20.4.3 Dramhaíl Chathrach

Ginfear dramhaíl chathrach i méideanna beaga le linn chéimeanna tógála agus oibríochta an Tionscadail.

Tá dramhaíl tí, dramhaíl tráchtála agus dramhaíl eile i gceist le dramhaíl chathrach in Éirinn, mar gheall ar chineál nó ar chomhdhéanamh na dramhaíola, agus í cosúil le dramhaíl tí. De réir an EPA, ghin Éire 3.17 milliún tona de dhramhaíl chathrach in 2021[7].

As an 3.17 milliún tona de dhramhaíl chathrach a gineadh in Éirinn in 2021, úsáideadh 41% de in aisghabháil fuinnimh, úsáideadh 26% in athchúrsáil ábhar, cuireadh 16% de i líonadh talún, úsáideadh 15% i múiríniú/díleá anaeróbach agus ní dhearnadh aon bhainistiú ar 1% de. As an 3.17 milliún tona de dhramhaíl chathrach, meastar gur tháinig 57% de ó theaghlaigh agus meastar gur tháinig 43% de ó fhoinsí tráchtála agus seirbhíse poiblí. Ó 2001, tharla athruithe móra ar bhainistiú na dramhaíola cathrach in Éirinn, mar gheall go príomha ar an meath mór a tháinig ar líonadh talún sa tréimhse, in éineacht le leibhéil mhéadaithe athchúrsála go luath sna 2000idí agus méadú ina dhiaidh sin ar an sciar dramhaíola cathrach a bhí á seoladh le haghaidh aisghabháil fuinnimh ó 2011.

Cuimsítear le dramhaíl chathrach in-bhithmhillte (BMW) na gnéithe sin den sruth dramhaíola cathrach a mhillfidh ar bhonn bitheolaíoch, cuir i gcás dramhaíl ó bhia, dramhaíl ón ngairdín agus ó pháirceanna, dramhpháipéar agus cairtchlár. Faoin Treoir maidir le Líonadh Talún, tá Éire meáite ar spriocanna a chomhlíonadh maidir le BMW a athrú ó dhiúscairt go líonadh talún. Rinneadh diúscairt ar 129,572 tona de BMW chuig líonadh talún in 2022[8].

Is féidir acmhainneacht ó mhúiríniú agus díleá anaeróbach, líonadh talún dramhaíola cathrach, Saoráidí Aisghabhála Ábhar, saoráidí bainistíochta dramhaíola comhtháite, loisceoirí dramhaíola cathrach agus áitheanna stroighin a ghlacann le dramhaíl lena comhloscadh a úsáid chun dramhaíl chathrach a chóireáil.

## 20.5 Saintréithe an Tionscadail

Tá oibreacha scartála i gceist leis an Tionscadal a ndéantar tuairisc orthu i gCaibidil 5 den TMTT nuashonraithe seo mar chuid de ghlanadh láithreáin agus oibreacha cóiríochta le haghaidh thógáil an Tionscadail, lena n-áirítear tógáil chéimnithe stáblaí sealadacha agus buana (agus forbairt ghaolmhar) ag Ráschúrsa na Gaillimhe agus 17km de bhóthar débhealaigh agus carrbhealaigh aonair a thógáil, bóithre ceangail agus bonneagar gaolmhar.

Cuirtear gnéithe difriúla san áireamh sa mheasúnú ar bhainistiú acmhainní agus dramhaíola nuair a bhíonn gníomhaíochtaí chéim na tógála á gcur san áireamh. Áirítear iad seo a leanas ar na gnéithe a chuirfear san áireamh:

- Glanadh suímh agus scartáil: fásra a bhaint, struchtúir bhuana
- Tochailt: dromchla bóthair a bhaint agus a ghlanadh, lena n-áirítear biotúman, ábhar ballasta, etc., agus tochailt ar ábhar faoi thalamh mar ithir agus clocha
- Ábhar iompórtáilte: ithreacha nó oibreacha talún a iompórtáil chun an láithreán a chothromú tar éis scartála agus ábhar a iompórtáil chun struchtúir/bonneagar bóithre nua a thógáil
- Tógáil: ábhar dramhaíola arna ghineadh ó thógáil agus i ndáil le tógáil struchtúr/bonneagar bóithre nua
- Dramhaíl chathrach: ábhar dramhaíola cathrach a ghiniúint

Beidh éagsúlacht sa dramhaíl C&D a ghinfear leis an Tionscadal seo de réir na gcodanna agus na gcéimeanna den fhorbairt. Ginfear dramhaíl i gcéimeanna 1, 3 agus 4 go príomha ó struchtúir scartáilte, e.g. coincréit, brící, miotail, gloine, agus plaisteach etc., agus ginfidh oibreacha Chéim 2 dramhaíl go príomha ina mbeidh ithreacha, clocha agus meascáin biotúmain, chomh maith le hábhar scartála arna ghineadh ó struchtúir tríú páirtí atá cheana féin ar fud Theorainn na Measúnachta.

Tá tuilleadh sonraí maidir le saintréithe chéimeanna éagsúla an Tionscadail de réir mar a bhaineann siad le húsáid acmhainní agus dramhaíl C&D curtha i láthair thíos.

### 20.5.1 Céim na Tógála

#### *20.5.1.1 Céim 1*

Le Céim 1 tógfar stáblaí sealadacha agus oibreacha gaolmhara laistigh d'fhaiche Ráschúrsa na Gaillimhe.

Tógfar na stáblaí ag úsáid painéil choincréite réamhtheilgthe, rud a chruthóidh 159 stábla. Tógfar struchtúir ballaí coinneála chun na fánaí gearrtha a choinneáil ach soláthróidh sé cúlbhalla na mbloc stáblaí sealadach freisin rud lena n-íoslaghdófar méideanna coincréite, toisc go dtógfar iad ag úsáid coincréit threisithe a dhoirtfear ar an láthair. Is beag glanadh láithreáin a tharlóidh i gCéim 1, agus fíorbheagán oibreacha talún ach an oiread, agus ginfear roinnt ábhar gearrtha. Cuireadh méideanna ábhar tógála san áireamh go cúramach sa dearadh chun giniúint dramhaíola amach anseo le linn Chéim 4 a íoslaghdú, tráth a ndéanfar na stáblaí sealadacha a scartáil. I measc samplaí de seo úsáidfear córas dín ghlais seachas miotal nó tíleanna traidisiúnta do na stáblaí, aidhm dhúbailte an bhalla coinneála agus dearadh an chlóis stáblaí chun aidhm as an nua a thabhairt do bhunanna na stáblaí mar bhánna páirceála. Tá oibreacha Chéim 1 faoi réir iarratais ar chead pleanála ó Iontaobhas Choiste Rásaíochta na Gaillimhe (24/60279) ar thug Comhairle Cathrach na Gaillimhe cead dó in 2024 ach ar cuid den Tionscadal é chun críocha Measúnacht Tionchair Timpeallachta agus AA.

#### *20.5.1.2 Céim 2*

I gCéim 2 beidh oibreacha ar bun a bhainfidh le soláthar an N6 GCRR atá beartaithe agus oibreacha scartála éagsúla.

Rinneadh cothromú ar mhéid na n-oibreacha talún a ghinfear de bharr oibreacha Chéim 2 thar an N6 GCRR beartaithe a mhéid is féidir chun dramhaíl ó thochailt a laghdú, agus an oiread dramhaíola tochailte agus is féidir á athúsáid go díreach nó earraíocht á baint as laistigh de líne theorann Chéim 2 an Tionscadail. Cuimseofar leis na hábhair thógála go príomha biotúman, ballasta, cumascán agus ábhar eile chun bóthar a dhéanamh. Mar a tugadh ar aird thuas, beidh gníomhaíochtaí scartála ar siúl freisin le linn Chéim 2. Meascán de scartálacha talmhaíochta, cónaithe, tráchtála agus tionsclaíocha a bheidh i gceist leis na scartálacha. Mar gheall air sin ginfear raon ábhar scartála, ach is coincréit, cruach struchtúrach, miotail mheasctha, plaisteach, etc., is mó a bheidh i gceist.

#### *20.5.1.3 Céim 3*

Le Céim 3 tógfar na stáblaí buana chun oibríocht leanúnach Ráschúrsa na Gaillimhe a éascú ar thalamh a ghlanfar le linn Chéim 2.

Arís, tógfar na stáblaí ag úsáid painéil choincréite réamhtheilgthe. Déanfar méideanna beaga tírdhreachaithe freisin le linn na céime sin, agus déanfar suas cosáin agus tógfar bóithre rochtana. Tá oibreacha Chéim 3 faoi réir iarratais ar chead pleanála ó Iontaobhas Choiste Rásaíochta na Gaillimhe (24/60279) ar dheonaigh Comhairle Cathrach na Gaillimhe cead dó in 2024 ach ar cuid den Tionscadal é chun críocha Measúnacht Tionchair Timpeallachta agus AA.

#### *20.5.1.4 Céim 4*

Le Céim 4 déanfar an bloc stáblaí sealadach a scartáil.

Mar sin féin, coinneofar na ballaí coinneála agus an cosán a ndéantar tuairisc air i gCéim 1, agus beidh páirceáil ar fáil sa limistéar pábháilte a bheidh in úsáid ag Ráschúrsa na Gaillimhe. Coinneofar bunanna na stáblaí freisin ar an láthair agus úsáidfear iad i gcomhair páirceála.

Íoslaghdófar leis sin an méid dramhaíola scartála a ghinfear. Tá oibreacha Chéim 4 faoi réir iarratais ar chead pleanála ó Iontaobhas Choiste Rásaíochta na Gaillimhe ar thug Comhairle Cathrach na Gaillimhe cead dó in 2024 ach ar cuid den Tionscadal é chun críocha Measúnacht Tionchair Timpeallachta agus AA.

### 20.5.2 An Chéim Oibríochta

Léirítear oibríocht an Tionscadail le Céim 5. I measc na ngnéithe a cuireadh san áireamh sa mheasúnacht ar úsáid acmhainní agus giniúint dramhaíola don chéim oibríochta (i.e. Céim 5), bhí siad seo a leanas:

- Dramhaíl C&D a bhain leis an Tionscadal: dramhaíl C&D a bhain leis an Tionscadal a ghiniúint ó chothabháil struchtúr/bonneagar bóithre
- Dramhaíl chathrach: ábhar dramhaíola cathrach a ghiniúint ó oibríocht stáblaí Ráschúrsa na Gaillimhe agus foirgnimh chothabhála an tolláin

## 20.6 Tuairisc ar na Tionchair Fhéideartha

Cuirtear i láthair sa chuid seo tionchar féideartha an Tionscadail a d'fhéadfadh tarlú d'uireasa maolaithe ar bhainistiú acmhainní agus dramhaíola. Tá cuntas i gCuid 20.7 ar an maolú nó monatóireacht bheartaithe is gá a eascróidh ón measúnacht seo, agus na tionchair iarmharacha a réamh-mheastar, agus aon mhaolú beartaithe á chur san áireamh. Cuirtear i láthair iad i gCuid 20.8.

### 20.6.1 Éifeachtaí 'Gan Dada a Dhéanamh'

Breithnítear leis an rogha eile 'Gan Dada a Dhéanamh' an cás seans a thiocfadh chun cinn, i gcás nach leanfaí ar aghaidh leis an Tionscadal, i.e. i gcás nach ndéanfaí aon rud. Sa chás 'Gan Dada a Dhéanamh', ní thógfaí an Tionscadal, agus ní ghinfí an fuíollábhar a ndéantar tuairisc air anseo. Bheadh an úsáid acmhainní agus an tionchar dramhaíola a tharlódh dá bharr neodrach.

### 20.6.2 Céim na Tógála

Tugtar tuairisc ar céim thógála an Tionscadail ar bhealach níos mionsonraithe i gCaibidil 5, Cur síos ar an Tionscadal sa TMTT nuashonraithe seo. Tá tuairisc sa chuid seo ar úsáid acmhainní agus giniúint dramhaíola le haghaidh na ngnéithe a bhfuil cuntas orthu i gCuid 20.5.1 agus na tionchair dá réir sin ar acmhainní agus ar dhramhaíl. Tá an ghnáth-Dhramhaíl C&D is dóigh a thiocfaidh chun cinn le linn chéim thógála an Tionscadail leagtha amach in Aguisín A.20.2 den TMTT nuashonraithe seo, lena n-áirítear cóid LoW na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil.

Is é cosc agus íoslaghdú an bealach is inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de chun ábhar scartála, tochailte agus tógála a bhainistiú. Tá prionsabail an bhainistithe dramhaíola mionsonraithe i gCuid 20.2.3. Beidh an Conraitheoir a cheapfar freagrach as na prionsabail sin a chur i bhfeidhm don Tionscadal. Bhí athrú fócais ann le cúpla bliain anuas i dtreo bainistiú dramhaíola dea-chleachtais agus íoslaghdú dramhaíola i gcúrsaí tógála agus méadú ar athúsáid fotháirgí tógála i dtionscadail.

#### *20.6.2.1 Glanadh Suímh agus Dramhaíl Scartála*

Le linn Chéim 2 den Tionscadal, iarrfar ar an gConraitheoir oibreacha glanta láithreáin a dhéanamh mar a shonraítear i gCaibidil 5, Cur síos ar an Tionscadal, agus i gCaibidil 7, Gníomhaíochtaí Tógála, sa TMTT nuashonraithe seo. Tá an láithreán le haghaidh Chéim 1 glanta cheana féin toisc gurb é faiche Ráschúrsa na Gaillimhe atá i gceist, agus i gCéim 3 déanfar cothromú agus glanadh ar an suíomh tar éis thógáil Chéim 2 den Tionscadal i.e. an N6 GCRR beartaithe, mar a thuairiscítear thuas i gCuid 20.5.1.2. Le Céim 2 den Tionscadal, a bhaineann le tógáil an N6 GCRR beartaithe, déantar an glanadh láithreáin is suntasaí agus gintear an dramhaíl scartála is mó.

Áireofar le hoibreacha glanta suímh fásra ar nós crann, plandaí dreaptha, tor, dreapairí nó aon ábhar eile nach bhfuiltear a iarraidh a bhaint (lena n-áirítear ábhar neamhorgánach) nó trealamh. Ginfear dá bharr sin méideanna ceannann céanna d'ábhar dramhaíola orgánach a bhainfidh duine ag a bhfuil cead bailithe dramhaíola ón láithreán agus a sheolfar chuig saoráid múirínithe nó dramhaíola orgánaí údaraithe. Soláthrófar saoráidí leithscartha, i gcás inar gá, chun a chinntiú go n-uasmhéadaítear aisghabháil agus athchúrsáil dramhaíola den sórt sin.

Cuimseofar den chuid is mó leis an ábhar a dhéanfar a scartáil agus a bhaint laistigh de Chéimeanna 2 agus 4 den Tionscadal coincréit struchtúrach agus neamh-threisithe, cloch shaoirseachta, bratú miotail agus ábhar sealadach urláir. Cuirtear i láthair i dTábla 20.7 na méideanna measta d'fhuíollábhar scartála a ghinfear le gníomhaíochtaí scartála a bhaineann leis na céimeanna ábhartha den Tionscadal.

**Tábla 20.7 Cineálacha agus Méideanna Dramhaíola Scartála Measta**

| Dramhaíl C&D | Cainníocht (tonaí) |
|---|---|
| **Céim 2** | |
| Coincréit Réamhtheilgthe | 17,563 |
| Cruach Atreisithe | 61 |
| Tíleanna / Earraí Ceirmeacha | 6,368 |
| **Céim 4** | |
| Coincréit Réamhtheilgthe | 3,319 |
| Urlár Rubaraithe | 243 |
| Cruach Atreisithe | 182 |

Cuirfear an t-ábhar i dTábla 20.7 san áireamh lena athúsáid laistigh den Tionscadal nó i dtionscadail tógála eile de réir Rialachán 27 ón Aontas Eorpach (An Treoir maidir le Dramhaíl)[35]. Beidh an Conraitheoir a cheapfar freagrach as athbhreithniú a dhéanamh ar an bhféidearthacht maidir le hábhair a athúsáid agus a chinntiú go ndéanfar an tástáil is gá chun a léiriú go bhfuil Rialachán 27 á chomhlíonadh, de réir mar is cuí.

Caithfear ábhair a leithscaradh ar an láithreán de réir na haicme dramhaíola agus mura mbeidh siad oiriúnach le hathúsáid, seolfar iad chuig saoráidí údaraithe athchúrsála, aisghabhála nó diúscartha. Is é diúscairt chuig saoráid údaraithe an rogha is lú fabhraigh agus ní chuirfidh an Conraitheoir a cheapfar é sin san áireamh ach amháin nuair nach bhfuil deiseanna réasúnta i gcomhair athúsáide, athchúrsála agus aisghabhála ar fáil.

Ag cur na méideanna beaga dramhaíola C&D agus dramhaíola orgánaí san áireamh, ar dramhaíl í a ghinfear le linn chéim thógála an Tionscadail, agus an acmhainneacht chóireála atá ar fáil don dramhaíl C&D a ghinfear (tagair do Chuid 20.4), níl ach tionchar féideartha diúltach, beag agus gearrthéarmach i gceist leis an nglanadh láithreáin agus leis an dramhaíl scartála, in éagmais maolaithe.

#### *20.6.2.2 Dramhaíl Tochailte*

Tiocfaidh dramhaíl tochailte as gníomhaíochtaí amhail:

- Tochailt ghinearálta
- Tochailt le haghaidh atreoruithe fóntais
- Tochailt le haghaidh ballaí coinneála
- Tochailt le haghaidh bunsraitheanna
- Tochailtí le haghaidh bundaí créfoirt laistigh de líne theorann oibreacha Chéim 2

Cé go nginfear líon suntasach ábhar tochailte leis na hoibreacha laistigh de Theorainn na Measúnachta, déanfar an t-ábhar ar fad a ndéanfar tochailt air don N6 GCRR beartaithe a athúsáid, bainfear athearraíocht as, agus athlonnófar é laistigh de Theorainn na Measúnachta seachas líon 18,132 tona (7,600m$^3$) a ndéanfar diúscairt air lasmuigh den láithreán. Beidh meascán de bharrithir agus ithir, carraig, agus ábhar guaiseach agus neamhghuaiseach i gceist leis an ábhar tochailte a chruthófar le linn Chéim 2.

[35] An tAontas Eorpach, 2020. I.R. Uimh. 323/2020 - Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Treoir maidir le Dramhaíl), 2020. Ar fáil ar: https://www.irishstatutebook.ie/eli/2020/si/323/

In éineacht leis na hoibreacha ar an N6 GCRR beartaithe, beidh oibreacha tochailte ag teastáil chun na bloic stábla shealadacha agus bhuana a thógáil i gCéimeanna 1 agus 3. I gcás na tochailte a dhéanfar i gCéimeanna 1 agus 3, is ithir agus barrithir is mó a bheidh san ábhar, toisc go bhfuil an fhorbairt le déanamh laistigh de Ráschúrsa na Gaillimhe.

Mar a tugadh ar aird i gCaibidil 7, Gníomhaíochtaí Tógála, meastar an trácht tógála bunaithe ar na hoibreacha talún, an méid dramhaíola tógála agus scartála a bheidh ann don Tionscadal iomlán lena chinntiú go ndéantar measúnú ar an gcás is measa ar bith i dtéarma trácht tógála ar naisc atá cóngarach do Theorainn na Measúnachta. Cé go dteastóidh tochailtí móra chun an Tionscadal a thógáil, rinneadh cothromú ar fhormhór na n-ábhar créfoirt lena n-athúsáid ar fud Theorainn na Measúnachta. Beidh an chainníocht iomlán d'ábhar tochailte dá bharr sin óna dteastóidh láimhseáil lasmuigh den láithreán lena n-áirítear, mar shampla athúsáid lasmuigh den láithreán de réir Rialachán 27, nó aisghabháil nó diúscairt amach ón láithreán chuig saoráid a bheidh údaraithe go cuí, de réir an Achta um Bainistiú Dramhaíola, 1996, arna leasú, cothrom le 80,432 tona, a dtiocfaidh 18,132 tona de chun cinn le linn Chéim 2 den Tionscadal, rud nach meastar a bheith suntasach agus dá bhrí sin ní bhreithneofar mar dhramhaíl ach méid beag tochailtí d'ábhar tochailte le haghaidh Chéim 2. Laistigh de Chéim 2, tá 18,132 tona de thochailtí ábhar Aicme U2 ('do-ghlactha' de réir shonraíocht Oibreacha Créfoirt CC-SPW-00600 Tógáil agus Coimisiúnú BIÉ le haghaidh bóithre náisiúnta[36]) . Ní mheastar go bhfuil an rangú ábhar sin oiriúnach le haghaidh athúsáide nó aisghabhála agus dá bhrí sin beidh sé le diúscairt chuig saoráid atá údaraithe go cuí, de réir an Achta um Bainistiú Dramhaíola, 1996, arna leasú.

Déanfar tochailt ar an 62,340 tona eile d'ábhar a bheidh le diúscairt le linn Chéimeanna 1 agus 3 den Tionscadal, atá sceidealaithe lena athúsáid lasmuigh den láithreán de réir Rialachán 27 de réir an Achta um Bainistiú Dramhaíola, 1996, arna leasú.

**Tábla 20.8 Cainníochtaí Tochailte Measta**

| Ábhar | Cainníocht nach raibh i mbulc (tonaí) |
|---|---|
| Talamh Réitithe* | 1,859 |
| Barrithir | 14,403 |
| Fo-ithir | 28,656 |
| Barrithir | 5,886 |
| Fo-ithir | 11,536 |
| **Iomlán (Céimeanna 1 agus 3)** | **62,340** |

*Cuimsítear le talamh réitithe meascán tarmac, coincréite, plaistigh, ábhar ballasta agus gainimh silice

Tá sé de chumas ag formhór na tochailte ar an gcarraig chun Tollán Ráschúrsa na Gaillimhe, Tollán Leacaigh agus an chuid eile den Tionscadal a thógáil a athúsáid go hiomlán nuair a bheidh an bóthar á thógáil ina dhiaidh sin. Dá bhrí sin, meastar go ndéanfar formhór na n-ábhar a ndéanfar tochailt orthu le linn Chéim 2 den Tionscadal a athúsáid laistigh de limistéar an Tionscadail, rud lena dtabharfar cothromaíocht chréfoirt thar na codanna den Tionscadal. Déanfar tástáil ar aon ábhar tochailte nach meastar iad a bheith oiriúnach dá n-úsáid deiridh beartaithe chun a chinneadh an bhfuil siad oiriúnach le húsáid lasmuigh den láithreán de réir Rialachán 27, nó aisghabháil nó diúscairt a dhéanamh orthu lasmuigh den láithreán i saoráid atá údaraithe go cuí, de réir an Achta um Bainistiú Dramhaíola 1996, arna leasú.

I gcomhréir leis an gcleachtas reatha in Éirinn, déanfar bainistiú mar seo a leanas ar fharasbarr ábhair agus ar dhramhaíl ón Tionscadal:

- I gcás ina dteastódh athchúrsáil ó ábhar roimh athúsáid, de réir an dlí, seachadfar é chuig saoráidí atá údaraithe faoin Acht um Bainistiú Dramhaíola, 1996, arna leasú (i.e., ag a bhfuil deimhniú clárúcháin, cead saoráide dramhaíola agus/nó ceadúnas dramhaíola EPA, de réir mar is cuí). Áirítear le samplaí athchúrsála/aisghabhála i gcomhair ábhar tochailte
    - Cloch a phróiseáil chun cumascán tógála a tháirgeadh

[36] Bonneagar Iompair Éireann, 2024. Construction and Commissioning CC-SPW-00600 Earthworks specification for national roads.

- – Aislíonadh cairéal
- – Talamh a ardú chun láithreán a fheabhsú nó a fhorbairt

- Déanfaidh an Conraitheoir a cheapfar bainistiú ar aon dramhaíl ghuaiseach a thiocfaidh chun cinn i gcomhréir leis an reachtaíocht is infheidhme
- Féadfar scagadh a dhéanamh ar ábhar, agus is faoin gConraitheoir a cheapfar é sin a dhéanamh
- I gcomhréir leis an dlí, déanfaidh sealbhóir an cheada bailiúcháin dramhaíola iomchuí an dramhaíl uile a bhainfear den láithreán a iompar, ar cead é a dheonófar i gcomhréir le I.R. Uimh. 820/2007 - na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Cead Bailiúcháin) 2007, arna leasú

Beidh an Conraitheoir a cheapfar freagrach as comhaontuithe a fháil maidir le farasbarr ábhair tochailte a ghlacadh ó na saoráidí údaraithe agus rialáilte, i gcomhréir leis an Acht um Bainistiú Dramhaíola, 1996, (arna leasú), agus na rialacháin ábhartha.

Ábhar ar gá athchúrsáil a dhéanamh air, seolfar é chuig saoráidí dramhaíola údaraithe agus féadfar é a úsáid i gcomhréir le Rialachán 28 de Rialacháin an Aontais Eorpaigh (An Treoir maidir le Dramhaíl), 2011 (arna leasú). Leagtar síos na critéir nach mór cloí leo i Rialachán 28, agus nach mór don EPA a úsáid chun a chinneadh má shroicheann dramhaíl stádas 'deireadh dramhaíola' agus má éiríonn sé chun bheith ina ábhar.

D'fhéadfaí teacht ar ábhar éillithe le linn na n-oibreacha tochailte. Mar sin féin, níor tugadh le fios in aon cheann de na samplaí a tógadh le linn GI sonrach an tionscadail le haghaidh Chéim 1 den Tionscadal go raibh ábhair ghuaiseacha ann. Chuir an GI a rinneadh faoi oibreacha Chéim 2 bonn faoin gcainníochtú ábhar Aicme U2 ('do-ghlactha' de réir na sonraíochta BIÉ Oibreacha Créfoirt Tógála agus Coimisiúnaithe CC-SPW-00600 le haghaidh bóithre náisiúnta[36]) teacht chun cinn. Ní thiocfar ar aon ábhar éillithe i gCéim 3, 4 agus 5 den Tionscadal.

I gcás ina dtagtar ar ábhar tochailte ina bhfuil substaintí guaiseacha mar chuid den Tionscadal, seolfar é sin chuig saoráid atá údaraithe chun dramhaíl ghuaiseach a ghlacadh. D'fhéadfaí é a easpórtáil freisin as Éirinn i gcomhair cóireála, aisghabhála nó diúscartha. Tá easpórtáil ábhar guaiseach ón Tionscadal lasmuigh den Stát faoi réir córais rialaithe ar fud na hEorpa a bunaíodh ar Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2006 maidir le Loingsithe Dramhaíola ('na Rialacháin maidir le Seoladh thar Teorainneacha'). Déantar an reachtaíocht sin a fhorlíonadh leis na Rialacháin (Loingsithe Dramhaíola) um Bainistiú Dramhaíola 2007, arna leasú (I.R. Uimh 419 de 2007), a fhágann go bhfuil Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath freagrach as an gcóras rialaithe sin a fhorfheidhmiú ar fud na hÉireann. Comhlíonfaidh easpórtáil na dramhaíola guaisí ó láithreán lasmuigh den stát leis na nósanna imeachta a leagtar amach sa reachtaíocht seo.

Ag cur na hacmhainneachta cóireála atá ar fáil don dramhaíl C&D a ghintear le linn na n-oibreacha tochailte san áireamh, níl ach tionchar féideartha diúltach, beag agus gearrthéarmach i gceist leis an dramhaíl tochailte le linn chéim na tógála, in éagmais maolaithe.

#### *20.6.2.3 Ábhar Iompórtáilte*

Le céim na tógála caithfear roinnt príomhábhar tógála a iompórtáil d'oibreacha an Tionscadail, amhail coincréit (réamhtheilgthe agus doirte ar an suíomh), cruach struchtúrach, ballasta agus ábhar líonta, agus urlár rubair. Tugtar meastachán i dTábla 20.**9** de chainníochtaí na mórábhar a bheidh ag teastáil chun an tógáil is gá a chur i gcrích i gCéimeanna 1, 2 agus 3 den Tionscadal.

**Tábla 20.9 Cainníochtaí Measta de na hÁbhair Thógála**

| Ábhar | Cainníocht Mheasta (tonaí) |
|---|---|
| **Céim 1** | |
| Líonadh innealtóireachta iompórtáilte | 2,555 |
| Líonadh tacaíochta gráinní | 16,733 |
| Coincréit réamhtheilgthe | 125 |
| Coincréit *in situ* | 404 |

| Ábhar | Cainníocht Mheasta (tonaí) |
|---|---|
| Cruach struchtúrach | 536 |
| Urlár rubair | 243 |
| **Céim 2*** | |
| Biotúman | 65,000 |
| Ceanglóir | 90,100 |
| Bonnchúrsa | 69,317 |
| Fo-bhonn | 297,000 |
| Coincréit | 37,368 |
| Cruach struchtúrach | 4,951 |
| **Céim 3** | |
| Líonadh tacaíochta gráinní | 16,950 |
| Coincréit réamhtheilgthe | 124 |
| Coincréit *in situ* | 459 |
| Urlár | 249 |
| **Céim 4** | |
| Ábhair thírdhreachaithe | 1,000 |

*I gCéim 2, tá cothromú créfoirt sa Tionscadal foriomlán. Ar an gcúis sin, tá iompórtáil cainníochtaí aislíonta bainte ón tábla seo

Déanfar iompórtáil an ábhair chuig láithreán an Tionscadail seo ar feadh Chéimeanna 1, 2, 3 agus 4, agus úsáidfear ábhair éagsúla ag amanna éagsúla. Tagann na príomhthionchair dhíreacha a bhaineann le hiompórtáil ábhar tógála chun cinn ó bhailiú/dhéantúsaíocht na n-ábhar, agus toisc, a luaithe is a úsáidtear na hábhair laistigh den Tionscadal, ní bheidh siad ar fáil níos mó le haghaidh úsáidí eile. Beidh tionchair ann freisin a bhainfidh le hiompórtáil ábhar tríd an gceanglas a bheidh ar fheithiclí earraí troma an t-ábhar a sheachadadh agus as úsáid ábhar; rinneadh cainníochtú agus measúnú ar na tionchair sin i gCaibidil 7, Gníomhaíochtaí Tógála agus i gCaibidil 18, Torann agus Creathadh den TMTT nuashonraithe seo.

Gheofar na hábhair a theastóidh le haghaidh Chéimeanna 1, 2, 3 agus 4 den Tionscadal go háitiúil agus go náisiúnta agus tá siad ar fáil go héasca in Éirinn i gcónaí. Is tionchar féideartha diúltach, beag agus buan é an tionchar féideartha a bhaineann le hábhair iompórtáilte.

#### *20.6.2.4 Dramhaíl Tógála*

Is dóigh go nginfear dramhaíl tógála freisin le hoibreacha tógála agus le saoráidí oibreacha sealadacha. Sainítear dramhaíl tógála mar dhramhaíl a thagann ó ghníomhaíochtaí tógála, lena n-áirítear farasbarr táirgí agus ábhar agus táirgí agus ábhar a ndearnadh damáiste díobh le linn obair thógála nó a úsáideadh go sealadach le linn na ngníomhaíochtaí ar an láithreán.

Beidh an dramhaíl tógála éagsúil ó láithreán go láithreán ach bheadh na codáin neamhghuaiseacha seo a leanas ina measc de ghnáth:

- Ithir agus cloch
- Coincréit, brící, tíleanna agus ceirmeacht
- Meascáin bhiotúmanacha
- Miotail
- Adhmad
- Eile

Beidh an méid seo a leanas i measc na sruthanna dramhaíola guaisí a d'fhéadfadh teacht chun cinn as na gníomhaíochtaí tógála:

- Comhpháirteanna dramhthrealaimh leictrigh agus leictreonaigh (WEEE)
- Ceallraí
- Aispeist
- Leasaithigh adhmaid
- Greamacháin
- Péinteanna
- Breoslaí leachta
- Ithir éillithe

I gcás an Tionscadail, is é an cineál dramhaíola tógála ginearálta is dóigh a úsáidfear ná coincréit agus farasbarr ábhar líonta. Tá dóthain acmhainneachta ann chun dramhaíl den sórt sin a bhainistiú. Soláthrófar saoráidí leithscartha le linn oibreacha tógála chun a chinntiú go n-uasmhéadaítear aisghabháil agus athchúrsáil dramhaíola den sórt sin.

Ag cur mion-chainníochtaí na dramhaíola tógála a ghinfear le linn chéim na tógála san áireamh agus an acmhainneacht chóireála atá ar fáil le haghaidh dramhaíl C&D, beidh tionchar féideartha na dramhaíola tógála le linn chéim na tógála, in éagmais maolaithe, diúltach, neamhshuntasach agus gearrthéarmach.

#### *20.6.2.5 Dramhaíl Chathrach*

Ginfidh oibrithe tógála mion-chainníochtaí de dhramhaíl chathrach ghinearálta le linn chéim na tógála (e.g., ó oifigí láithreáin agus saoráidí leasa). Soláthrófar saoráidí leithscartha ar an láithreán tógála, más gá, chun a chinntiú go n-uasmhéadaítear aisghabháil agus athchúrsáil dramhaíola den sórt sin.

Ag cur mion-chainníochtaí na dramhaíola cathrach a ghinfear le linn chéim na tógála san áireamh agus an acmhainneacht chóireála atá ar fáil le haghaidh dramhaíl chathrach, beidh tionchar féideartha na dramhaíola cathrach le linn chéim na tógála, in éagmais maolaithe, diúltach, do-airithe agus gearrthéarmach.

#### *20.6.2.6 Achoimre ar Thionchair Fhéideartha Chéim na Tógála*

Tá achoimre de na tionchair thuartha (réamh-mhaolú) le linn thógáil an Tionscadail leagtha amach thíos i dTábla 20.10.

**Tábla 20.10 Achoimre ar Thionchair Fhéideartha Chéim na Tógála, Réamh-mhaolú agus Monatóireacht**

| Topaic Measúnachta | Tionchar Féideartha (Réamh-mhaolú agus Monatóireacht) |
|---|---|
| Glanadh Suímh agus Dramhaíl Scartála | Diúltach, beag agus gearrthéarmach |
| Dramhaíl Tochailte | Diúltach, beag agus gearrthéarmach |
| Ábhar Iompórtáilte | Diúltach, beag agus buan |
| Dramhaíl Tógála | Diúltach, neamhshuntasach agus gearrthéarmach |
| Dramhaíl Chathrach | Diúltach, do-airithe agus gearrthéarmach |

Ní mheastar go dtiocfaidh tionchar suntasach as céim thógála an Tionscadail.

### 20.6.3 An Chéim Oibríochta

Beidh an dramhaíl oibríochta a ghinfear leis an Tionscadal i gcomhréir leis an ngnáth-dhramhaíl oibríochta le haghaidh mórthionscadail bhóthair. Féadfaidh dramhaíl oibríochta teacht chun cinn mar thoradh ar ghníomhaíochtaí cothabhála carrbhealaigh, a dhéanfar de réir mar is gá. Cuimseofar leis sin den chuid is mó meascáin biotúmain i ngeall ar chothabháil an chosáin carrbhealaigh.

Tiocfaidh tionchar ó ídiú ábhar chun cinn freisin le linn chothabháil an Tionscadail. Mar sin féin, ní shamhlaítear aon ídiú suntasach ar ábhair le linn na céime oibríochta.

Ginfear mion-chainníochtaí de dhramhaíl chathrach ar feadh oibriú stáblaí Ráschúrsa na Gaillimhe, a bheidh i gcomhréir le gnáth-ghiniúint dramhaíola talmhaíochta agus déanfar bainistiú air dá réir sin.

Aistreoidh sealbhóir cead bailiúcháin dramhaíola an dramhaíl uile a ghinfear le linn na céime oibríochta ó láithreán agus seolfar é chuig saoráid dramhaíola údaraithe (i.e. saoráid ag a bhfuil deimhniú clárúcháin, cead saoráide dramhaíola agus/nó ceadúnas dramhaíola EPA) le haghaidh na gcineálacha sonracha dramhaíola a fhaigheann sé isteach.

Is tionchar diúltach, neamhshuntasach agus fadtéarmach an tionchar féideartha a bheidh ag dramhaíl chothabhála agus dramhaíl chathrach le linn na céime oibríochta.

## 20.7 Bearta maolaithe

### 20.7.1 Céim na Tógála

Ní mheastar go dtiocfaidh tionchar diúltach as an gcéim thógála. Mar sin féin, tá cuntas thíos ar shraith bearta maolaithe a chuirfidh an Conraitheoir i bhfeidhm, agus in aon chás, cinnteoidh an Conraitheoir go ndéanfar eascairtí dramhaíola a bhainistiú i gcomhréir leis an ordlathas dramhaíola agus i gcomhlíonadh fhorálacha na nAchtanna um Bainistiú Dramhaíola, 1996, arna leasú[31].

Ullmhaíodh CDRWMP agus tá sé áirithe sa CEMP (Aguisín A.7.5 den TMTT nuashonruithe seo). Ullmhaíodh é sin agus is é an Conraitheoir a cheapfar a chuirfidh i bhfeidhm é i gcomhréir leis na Treoirlínte Dea-chleachtais maidir le Pleananna Bainistíochta Dramhaíola a Ullmhú do Thionscadail Tógála agus Scartála[12]. Tugtar cuntas sa CDRWMP ar an gcaoi a ndéanfar bainistiú ar eascairt dramhaíola le linn chéim thógála an Tionscadail ar bhealach a chinnteoidh go gcomhlíonfar forálacha na nAchtanna um Bainistiú Dramhaíola[31] arna leasú agus déanfar gach ceann de na bearta maolaithe atá sa CDRWMP a choinneáil agus a chur i bhfeidhm. Tabharfaidh an Conraitheoir a cheapfar an scéal is déanaí don CDRWMP sula dtosóidh an tógáil.

Cuirfidh an Conraitheoir a cheapfar na bearta maolaithe seo a leanas i bhfeidhm le linn na tógála chun a chinntiú go gcomhlíonfar na hAchtanna um Bainistiú Dramhaíola agus rannchuideoidh sé chun na cuspóirí atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaíochta Dramhaíola le hAghaidh Geilleagar Ciorclach a bhaint amach[3].

- I gcás nach féidir giniúint dramhaíola a sheachaint, íoslaghdófar an diúscairt dramhaíola
- Lorgófar deiseanna maidir le hathúsáid ábhar, fotháirgí agus dramhaíola ar feadh chéimeanna éagsúla an Tionscadail
- Seolfar ábhar tochailte neamhghuaiseach i gcomhair athchúrsála nó aisghabhála
- Déanfaidh duine a bheidh cáilithe go cuí monatóireacht ar na tochailtí a dhéanfar ar thalamh réitithe (ina mbeidh meascán de tharmac, coincréit, plaisteach, ábhar ballasta agus gaineamh silice) chun a chinntiú go ndéanfar aon réimsí ina bhféadfadh éilliú tarlú a shainaithint i gceart, agus déanfar an t-ábhar éillithe a leithscaradh agus a dhiúscairt go cuí
- Déanfar leithscaradh ar aon ábhar éillithe a shainaithneofar agus stórálfar é i limistéar nach mbeidh aon bhaol ann go dtarlóidh sileadh nó scaipeadh go talamh nó draenáil uisce dromchla as. Beifear airdeallach chun a chinntiú nach ndéanfaidh an príomhionad traséilliú ar ithreacha glana in áiteanna eile ar fud an láithreáin
- Má thagtar ar aon aispeist le linn chéim na tógála, déanfar bainistiú air ag úsáid gnáth-bhearta sláinte agus sábháilteachta mar a choimrítear in 'Asbestos-containing Materials (ACMs) in Workplaces:

Practical Guidelines on ACM Management and Abatement'[37]. Luaitear sa doiciméad sin "beidh conraitheoir aispeiste atá ina speisialtóir de dhíth chun aispeist a bhaint as ithir éillithe chun aon aispeist bhriosc a bhaint" agus "ba chóir go gcinnfí le measúnú riosca a dhéanfaidh duine inniúil neamhspleách na bearta rialaithe agus na straitéisí leighis is cuí"

- Déanfar cothabháil ar an láithreán chun bruscar a chosc agus piocfar suas an bruscar go rialta ar fud an láithreáin ar fad
- Úsáidfear seachadadh díreach in am chun ídiú ábhar a íoslaghdú
- Stórálfar péinteanna, séaltáin agus ceimiceáin ghuaiseacha i suíomhanna slána, bundaithe
- Cuirfear oiliúint ar an bhfoireann ar fad ar an láthair faoi conas dramhaíl a íoslaghdú (i.e. oiliúint, ionduchtú, cigireachtaí agus cruinnithe)
- Stórálfar ábhair ar an láthair i gceart agus go sábháilte
- I gcás ina féidir, déanfar miotal, adhmad, gloine agus ábhar in-athchúrsáilte eile a leithscaradh agus a bhaint den láithreán chuig saoráid cheadaithe/cheadúnaithe i gcomhair athchúrsála. Úsáidfear dathchódú srutha dramhaíola agus grianghraif chun leithscaradh a éascú
- Déanfar scaradh ag an bhfoinse ar eascairt dramhaíola ón oifig agus ó bhia ar an láithreán agus déanfar dramhaíl in-athchúrsáilte, in-bhithmhillte agus iarmharach measctha tirim de
- Déanfar boscaí bruscair, coimeádáin, scipe bruscair agus limistéir stórála a lipéadú go soiléir leis na cineálacha dramhaíola ba chóir a bheith iontu, lena n-áirítear grianghraif de réir mar is cuí
- Úsáidfear scipe bruscair leithscartha laistigh de limistéar leithscartha dramhaíola ainmnithe a bheidh suite sa Chompún Tógála ar an láithreán (go háirithe le haghaidh dramhaíl ghuaiseach, gipsim, miotail, adhmaid, dramhaíl thámh agus dramhaíl ghinearálta)
- Déanfaidh an Conraitheoir a cheapfar taifead ar an gcainníocht i dtonaí agus cineálacha dramhaíola agus ábhar a fhágfaidh an láithreán le linn chéim na tógála. Taifeadfar ainm, seoladh agus sonraí údaraithe na saoráidí agus na suíomhanna uile a seolfar dramhaíl chucu in éineacht leis an gcainníocht dramhaíola i dtonaí a sheachadfar chuig gach saoráid. Taispeánfar sna taifid an t-ábhar a ndéanfar aisghabháil, athchúrsáil agus diúscairt air
- Bainfear dramhaíl a ghintear ar an láithreán chomh luath agus is féidir tar éis í a ghiniúint lena seoladh chuig saoráid dramhaíola údaraithe
- Cinnteoidh an Conraitheoir a cheapfar go mbeidh ag aon saoráidí stórála eatramhaí lasmuigh den láithreán le haghaidh ábhar tochailte an deimhniú clárúcháin cuí, an cead saoráide dramhaíola agus nó an ceadúnas dramhaíola EPA
- I gcás ina dteastaíonn fógraí Rialachán 27 maidir leis an Tionscadal, líonfaidh an Conraitheoir a cheapfar isteach na fógraí Rialachán 27 sin agus cuirfidh sé faoi bhráid an EPA iad lena n-athúsáid mar fhotháirgí
- Beidh an t-údarú dramhaíola ábhartha cuí i bhfeidhm le haghaidh na saoráidí uile a seoltar dramhaíl chucu (i.e., deimhniú clárúcháin, cead saoráide dramhaíola agus/nó ceadúnas dramhaíola EPA)

### 20.7.2 An Chéim Oibríoch

Déanfaidh an t-údarás áitiúil cothabháil ar an ngné N6 GCRR beartaithe den Tionscadal.

Mar rud ar leithligh, déanfaidh foireann iomchuí as Ráschúrsa na Gaillimhe oibreacha cothabhála ar fhorbairt na stáblaí fad is a mhairfidh an oibríocht.

[37] An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta, 2013. Asbestos-containing Materials (ACMs) in Workplaces. Ar fáil ar: https://www.hsa.ie/eng/publications_and_forms/publications/chemical_and_hazardous_substances/asbestos-containing_materials_acms_in_workplaces_-_practical_guidelines_on_acm_management_and_abatement.html

Toisc nach meastar go mbeidh éifeacht na dramhaíola le linn na céime oibríochta i gCéim 5 suntasach, ní bheidh aon bhearta maolaithe breise de dhíth.

## 20.8 Éifeachtaí Iarmharacha

### 20.8.1 Céim na Tógála

Ní mheastar go mbeidh aon tionchar iarmharach suntasach ag na hoibreacha tógála a bheidh ar siúl ar feadh Chéimeanna 1, 2, 3 agus 4 agus glacfar le prionsabail an bhainistithe acmhainní agus dramhaíola inbhuanaithe lena linn. AIn ainneoin sin, sainaithníodh bearta maolaithe cuí chun a chinntiú arís eile go gcuirfear i bhfeidhm na prionsabail maidir le bainistiú acmhainní agus dramhaíola inbhuanaithe mar atá i gCuid 20.2.3, lena n-áirítear prionsabail an gheilleagair chiorclaigh a bhaineann le húsáid acmhainní agus comhlíonadh an ordlathais dramhaíola. Tá achoimre ar an tionchar iarmharach a shamhlaítear le linn Chéimeanna 1, 2, 3 agus 4, tar éis na bearta maolaithe cuí a chur i bhfeidhm, leagtha amach i Tábla 20.11.

**Tábla 20.11 Achoimre den Tionchar Iarmharach a Shamhlaítear le Céim na Tógála**

| Topaic Measúnachta | Tionchar Féideartha (Réamh-mhaolú agus Monatóireacht) | Tionchar Iarmharach Tuartha (Iar-mhaolú agus Monatóireacht) |
|---|---|---|
| Glanadh Suímh agus Dramhaíl Scartála | Diúltach, beag agus gearrthéarmach | Diúltach, beag agus gearrthéarmach |
| Dramhaíl Tochailte | Diúltach, beag agus gearrthéarmach | Diúltach, beag agus gearrthéarmach |
| Ábhar Iompórtáilte | Diúltach, beag agus buan | Diúltach, beag agus buan |
| Dramhaíl Tógála | Diúltach, neamhshuntasach agus gearrthéarmach | Diúltach, neamhshuntasach agus gearrthéarmach |
| Dramhaíl Chathrach | Diúltach, do-airithe agus gearrthéarmach | Diúltach, do-airithe agus gearrthéarmach |

### 20.8.2 An Chéim Oibríochta

Ní shamhlaítear go dtiocfaidh aon tionchar iarmharach suntasach chun cinn de bharr oibríocht an Tionscadail, mar a thuairiscítear i gCaibidil 5, agus glacfar le prionsabail um bainistiú acmhainní agus dramhaíola inbhuanaithe lena linn. Meastar go mbeidh an tionchar iarmharach ar bhainistiú acmhainní agus dramhaíola diúltach, neamhshuntasach agus fadtéarmach.

## 20.9 Éifeachtaí Carnacha

Cuireadh 'liosta fada' de thionscadail atá beartaithe nó geallta a meastar iad a bheith ábhartha le cur isteach sa mheasúnacht tionchair charnach le chéile (déan tagairt do Chaibidil 21, Mórthionóiscí, Idirghaolmhaireachtaí, Idirghníomhaíochtaí agus Tionchair Charnacha). Rinneadh cleachtadh scagtha ar an 'liosta fada' de thionscadail atá beartaithe nó geallta chun a chinneadh cibé an bhfuil sé de chumas ag gach ceann de na tionscadail eile sin éifeachtaí carnacha móra a bheith acu ar an Tionscadal ó pheirspictíocht acmhainní agus dramhaíola de. Scagadh cuid mhaith de na tionscadail eile ar roinnt cúiseanna, lena n-áirítear a suíomh, a scála agus cineál an tionscadail. Na tionscadail sin a ndearnadh 'scagadh' orthu, cuireadh ar aghaidh i gcomhair measúnachta iad. Cuirtear torthaí na measúnachta i láthair i gCaibidil 21, Mórthionóiscí, Idirghaolmhaireachtaí, Idirghníomhaíochtaí agus Tionchair Charnacha.

Ba é conclúid na measúnachta go mbeadh éifeacht dhiúltach, bheag, ghearrthéarmach charnach acu ar chumas na saoráidí bainistithe dramhaíola agus ar threochtaí an tionscail dramhaíola in Éirinn le linn chéim na tógála i ngeall ar éileamh méadaithe ar aisghabháil dramhaíola agus/nó láithreáin diúscartha. Tá sé sin mar thoradh ar an éifeacht charnach a d'fhéadfadh a bheith ag gach ceann de na tionscadail a scagadh ar an measúnacht i gcás go leanfadh tógáil an Tionscadail ar aghaidh i gcomhthreo le tógáil na dtionscadal sin nó i gcás ina mbeadh forluí eatarthu.

Mar a tugadh ar aird i gCuid 20.8.1, beidh éifeachtaí bainistithe dramhaíola a bheidh idir diúltach, do-airithe go diúltach, beag ón bhforbairt bheartaithe amháin ar acmhainneacht na saoráidí bainistithe dramhaíola agus ar threochtaí an tionscail dramhaíola in Éirinn le linn chéim na tógála i ngeall ar éileamh méadaithe ar aisghabháil dramhaíola agus/nó ar láithreáin diúscartha.

Mar atá le feiceáil i dTábla 20.2, thuas, gintear lear mór dramhaíola C&D gach bliain, le os cionn 8 milliún tonna á ghineadh go náisiúnta in 2022 in Éirinn, ag tabhairt ar aird tuarascáil an EPA gur bhain Éire 82% d'aisghabháil ábhar ar dhramhaíl tógála agus scartála amach in 2022. Tá an dramhaíl a gineadh le linn thógáil an Tionscadail seo curtha i láthair i gCuid 20.6.2, le dramhaíl scartála curtha i láthair i gCuid 20.6.2.1 agus dramhaíl tochailte curtha i láthair i gCuid 20.6.2.2. Mar a thugtar ar aird i gCuid 20.6.2, cuimsítear leis an cineálacha dramhaíola sin na príomhchineálacha dramhaíola a ghinfear le linn thógáil an Tionscadail (beidh giniúint dramhaíola tógála agus dramhaíola cathrach íseal). Le chéile, tugann na cineálacha dramhaíola sin meastachán foriomlán de níos lú ná 1% den dramhaíl iomlán a ghintear go náisiúnta in aghaidh na bliana.

Ar an mbunús sin, déanfar measúnú ar an leibhéal íseal sin mar cheann nach bhfuil suntasach ar leibhéal réigiúnach agus nach mbeidh tionchar carnach tromchúiseach mór aige le linn chéim na tógála i ngeall ar éileamh méadaithe ar aisghabháil dramhaíola agus/nó ar láithreáin diúscartha ar rudaí iad a d'fhéadfadh teacht chun cinn maidir le dramhaíl mar gheall ar an Tionscadal seo. Toisc go ndéantar an mheasúnacht ar leibhéal réigiúnach, ag tabhairt faoi deara go bhfuil na méideanna thuas ábhartha ar leibhéal náisiúnta, níl aon drochthionchar suntasach ann nuair a dhéantar measúnacht ar an Tionscadal seo go carnach le tionscadail eile.

Baineadh de thátal as an measúnacht nach bhfuil aon tionchar suntasach carnach dóchúil aige ar úsáid acmhainní le linn chéim na tógála nó ar úsáid acmhainní agus bainistiú dramhaíola le linn chéim oibríochta an Tionscadail.

## 20.10 Tagairtí


An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, 2020. I.R. Uimh. 323/2020 - *Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Treoir maidir le Dramhaíl), 2020.*

An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, 2024. Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024. Ar fáil ar: https://www.gov.ie/en/publication/67104-climate-action-plan/?

An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, 2021. *Straitéis Uile-Rialtais don Gheilleagar Ciorclach 2022-2023 'Maireachtáil Níos Mó, Úsáid Níos Lú'.* Ar fáil ar: https://www.gov.ie/ga/foilsiuchan/62f92-straiteis-uile-rialtais-don-gheilleagar-ciorclach-2022-2023/?

An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, 2020a. *Comhairliúchán ar Phacáiste Dramhaíola an Gheilleagair Chiorclaigh a Thrasuí.* Ar fáil ar: https://www.gov.ie/en/consultation/46eb42-consultation-on-the-transposition-of-the-circular-economy-waste-pack/

An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, 2020b. *Plean Gníomhaíochta Dramhaíola le hAghaidh Geilleagar Ciorclach.* Ar fáil ar: https://www.gov.ie/ga/foilsiuchan/9abf3-plean-gniomhaiochta-dramhaiola-le-haghaidh-geilleager-ciorclach-2020-2025/?

An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, 2011. I.R. Uimh. 126/2011 - *Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Treoir maidir le Dramhaíl) 2011.* Ar fáil ar: https://www.irishstatutebook.ie/eli/2011/si/126/made/en/print

An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, 2008. I.R. Uimh. 86/2008 – *Na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Cead agus Clárú Saoráide) (leasú), 2008.* Ar fáil ar: https://www.irishstatutebook.ie/eli/2008/si/86/made/en/print#:~:text=No.-,86%2F2008%20%2D%20Waste%20Management%20(Facility%20Permit%20and,Registration)%20(Amendment)%20Regulations%202008&text=%E2%80%9CIris%20Oifigi%C3%BAil%E2%80%9D%20of%208th%20April%2C%202008.&text=1.,)%20(Amendment)%20Regulations%202008.

An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, 2007a. I.R. Uimh. 821/2007 – *Na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Cead agus Clárú Saoráide) 2007.* Ar fáil ar: https://www.irishstatutebook.ie/eli/2007/si/821#:~:text=S.I.,Permit%20and%20Registration)%20Regulations%202007

An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, 2007b. I.R. Uimh. 820/2007 - *Na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Cead Bailiúcháin) 2007.* Ar fáil ar: https://www.irishstatutebook.ie/eli/2007/si/820/made/en/print

An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, 2007c. I.R. Uimh. 419/2007 - *Na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Loingsithe Dramhaíola), 2007.* Ar fáil ar: https://www.irishstatutebook.ie/eli/2007/si/419/made/en/print

EPA, 2024a. *Construction & Demolition Waste Statistics for Ireland*. Ar fáil ar: https://www.epa.ie/our-services/monitoring--assessment/waste/national-waste-statistics/construction--demolition/#:~:text=The%20C%26D%20sector%20in%20Ireland,C%26D%20waste%20generated%20in%202019.

EPA, 2024b. *Hazardous Waste Statistics for Ireland*. Ar fáil ar: https://www.epa.ie/our-services/monitoring--assessment/waste/national-waste-statistics/hazardous/#:~:text=Ireland%20generated%20389%2C908%20tonnes%20of,reducing%20by%20almost%2065%2C000%20tonnes.

EPA, 2023a. *Municipal Waste Statistics for Ireland*. Ar fáil ar: https://www.epa.ie/our-services/monitoring--assessment/waste/national-waste-statistics/municipal/

EPA, 2023b. *Biodegradable Municipal Waste to Landfill*. Ar fáil ar: https://www.epa.ie/our-services/monitoring--assessment/waste/national-waste-statistics/biodegradable-municipal-waste/#:~:text=BMW%20comprises%20those%20elements%20of,and%20lessens%20landfill%20aftercare%20burden.

EPA, 2022. *Guidelines on the Information to be Contained in Environmental Impact Assessment Reports*. Ar fáil ar: https://www.epa.ie/publications/monitoring--assessment/assessment/EIAR_Guidelines_2022_Web.pdf

EPA, 2021a. *The Circular Economy Programme 2021-2027.* Ar fáil ar: https://www.epa.ie/publications/circular-economy/resources/EPA_Circular_Economy_2021_Programme_Apr22_Web.pdf

EPA, 2021b. *Best Practice Guidelines for the Preparation of Resource & Waste Management Plans for Construction & Demolition Projects*. Ar fáil ar: https://www.epa.ie/publications/circular-economy/resources/best-practice-guidelines-for-the-preparation-of-resource--waste-management-plans-for-construction--demolition-projects.php

EPA, 2020a. By-Product - *Guidance Note. A guide to by-products and submitting a by-product notification under Article 27 of the European Communities* (Waste Directive) Regulations, 2011. Ar fáil ar: https://www.epa.ie/publications/licensing--permitting/waste/ByProduct_Guidance.pdf

EPA, 2020b. *Guidance to Planners, Planning Authorities and An Bord Pleanála on the Management of Excess Soil and Stone from Developments*. Ar fáil ar: https://www.epa.ie/publications/licensing--permitting/waste/Guidance_for_Planners.pdf

EPA, 2019. *Guidance on Soil and Stone By-products*. Ar fáil ar: https://www.epa.ie/publications/licensing--permitting/waste/Guidance_on_Soil_and_Stone_By_Product.pdf

EPA, 2018. *Waste Classification – List of Waste & Determining if Waste is Hazardous or Non-hazardous*. Ar fáil ar: https://www.epa.ie/publications/monitoring--assessment/waste/2019--FULL-template.pdf

An tAontas Eorpach, 2020. I.R. Uimh. 323/2020 - *Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Treoir maidir le Dramhaíl), 2020.* Ar fáil ar: https://www.irishstatutebook.ie/eli/2020/si/323/

An tAontas Eorpach, 2018. *Treoir (AE) 2018/851 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 lena leasaítear Treoir 2008/98/CE maidir le dramhaíl.* Ar fáil ar: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/HTML/?uri=CELEX:32018L0851

An tAontas Eorpach, 2014. *Treoir 2014/52/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 lena leasaítear Treoir 2011/92/AE maidir le measúnú ar na héifeachtaí atá ag tionscadail áirithe phoiblí agus phríobháideacha ar an gcomhshaol.* Ar fáil ar: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=celex%3A32014L0052

An tAontas Eorpach, 2011. *Treoir 2011/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le measúnú ar na héifeachtaí atá ag tionscadail áirithe phoiblí agus phríobháideacha ar an gcomhshaol.* Ar fáil ar: https://eur-lex.europa.eu/eli/dir/2011/92/oj

Comhairle Cathrach na Gaillimhe, 2022. Plean Forbartha Chathair na Gaillimhe 2023-2029.

Rialtas na hÉireann, 2022. *An tAcht um an nGeilleagar Ciorclach agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2022.* Ar fáil ar: https://www.irishstatutebook.ie/eli/2022/act/26/section/1/enacted/en/html#sec1

Rialtas na hÉireann, 1996. *An tAcht um Bainistiú Dramhaíola, 1996, arna leasú.* Ar fáil ar: https://www.irishstatutebook.ie/eli/1996/act/10/enacted/en/html

An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta, 2013. *Asbestos-containing Materials (ACMs) in Workplaces*. Ar fáil ar: https://www.hsa.ie/eng/publications_and_forms/publications/chemical_and_hazardous_substances/asbestos-containing_materials_acms_in_workplaces_-_practical_guidelines_on_acm_management_and_abatement.html

IEMA, 2020. *Guide to Materials and Waste in Environmental Impact Assessment*. Ar fáil ar: https://www.iema.net/resources/reading-room/2020/03/30/materials-and-waste-in-environmental-impact-assessment

Cónaidhm Coincréite na hÉireann, 2024. *Tionscal Cairéalaithe agus Táirgí Coincréite na hÉireann 2022.* Ar fáil ar: https://irishconcrete.ie/industry-at-a-glance/

Cónaidhm Coincréite na hÉireann, 2019. Essential Aggregates – Providing for Ireland's Needs to 2040. Ar fáil ar: https://irishconcrete.ie/wp-content/uploads/2019/10/Essential-Aggregates-Final.pdf

Oifigí Bainistíochta Dramhaíola Réigiúnacha, 2024. *Plean Náisiúnta um Bainistiú Dramhaíola le haghaidh Geilleagar Ciorclach 2024-2030.* Ar fáil ar: https://www.mywaste.ie/wp-content/uploads/2024/02/National-Waste-Management-Plan-for-a-Circular-Economy-Volume-VA-SEA-Statement.pdf

Oifigí Bainistíochta Dramhaíola Réigiúnacha, 2020. *Construction & Demolition Waste, Soil and Stone Recovery / Disposal Capacity.*

Comhairle an Aontais Eorpaigh, 1999. *Treoir maidir le Líonadh Talún.* Ar fáil ar: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=celex%3A31999L0031

Bonneagar Iompair Éireann (BIÉ), 2024. Construction and Commissioning CC-SPW-00600 Earthworks specification for national roads.

Bonneagar Iompair Éireann (BIÉ), 2017. *The Management of Waste from National Road Construction Projects,* GE-ENV-01101.